# Caibidil 2 Straitéis Lárnach

# 2.1 Réamhrá

Is é is aidhm leis an Straitéis Lárnach[1] ná straitéis fhianaise-bhunaithe a leagan amach maidir le forbairt spásúil limistéar an Phlean amach anseo. Caithfear a léiriú leis an Straitéis Lárnach go bhfuil an plean de réir an bheartais phleanála Náisiúnta agus Réigiúnaigh atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) agus sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch i gcomhair Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

Áirítear ar an straitéis mionsonraí faoin ngrádlathas lonnaíochta agus faoin áit ina bhfuiltear chun fás a scaipeadh sa Chontae amach anseo mar aon le mionsonraí faoi dhaonra agus réamh-mheastacháin maidir le teaghlaigh agus an candam talún atá le zónáil i gcomhair leasanna cónaitheacha agus measctha. Cuirtear ar fáil freisin forbhreathnú ar an gcandam talún atá zónáilte chun críche leasanna fostaíochta.

# 2.2 Fís na Straitéise Lárnaí

Is mar seo a leanas an Fhís Straitéise Lárnaí atá le fáil i bPlean Forbartha Chontae na Mí:


*"To continue to support the creation of socio-economically progressive vibrant, dynamic, and healthy communities throughout the County and ensure that future growth is based on the principles of sustainable development that delivers a high quality living and working environment that meets the needs of all residents, in accordance with National and Regional Guidance."*

# 2.3 Beartas Pleanála Náisiúnta agus Réigiúnach

## 2.3.1 Tionscadal Éireann 2040

### 2.3.1.1 An Creat Náisiúnta Pleanála

Tá an Creat Náisiúnta Pleanála mar chomharba ar an Straitéis Réigiúnach Spásúil. Foilsíodh in 2018 é agus straitéis 20 bliain atá ann ina leagtar amach an straitéis borrtha don tír suas go 2040. Cuireadh bonn reachtúil faoin CNP leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018.[2] Is mar seo a leanas na haidhmeanna atá ag an CNP mar a leagtar amach san Acht iad:




i) Plean leathan náisiúnta a bhunú maidir le pleanáil straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe ceantar uirbeach agus tuaithe.
ii) Forbairt chothrom réigiúnach a chinntiú trí phoitéinseal na réigiún a uasmhéadú.
iii) Comhordú a chinntiú maidir le straitéisí réigiúnacha, spásúla agus geilleagracha agus pleananna forbartha do chathair agus contae.

[1] Alt 10(1A) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (mar a leasaíodh)
[2] Ailt 20A, 20B, agus 20C den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018

Cuirtear in iúl fís/spriocanna an CNP mar 'Torthaí Náisiúnta Straitéiseacha' atá tógtha thart faoi na téamaí folláine, comhionannas, agus deiseanna.

Dírítear leis an straitéis atá leagtha amach sa CNP ar 'lárionaid scála' a thógáil agus aghaidh a thabhairt ar an imeallacht. Ag an leibhéal náisiúnta is é Baile Átha Cliath (an Tairseach Náisiúnta) thar aon áit eile a bheidh i gcónaí taobh thiar de dhul chun cinn geilleagrach na tíre agus beidh sí i gcónaí á forbairt mar chathair idirnáisiúnta scála. Mar chuid den straitéis lena gcuirtear an fás réigiúnach chun cinn agus lena dtógtar 'lárionaid scála' lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, sannadh spriocanna uaillmhianacha fáis do chathracha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Port Láirge. Faoi bhun na 5 chathair seo sainaithnítear chomh maith róil réigiúnacha Bhaile Átha Luain i Lár na Tíre, Shligigh agus Leitir Ceanainn san Iarthuaisceart, agus na líonraí trasteorann Leitir Ceanainn-Doire agus Droichead Átha-Dún Dealgan-An tIúr. Admhaítear chomh maith an tábhacht a bhaineann le pasáiste geilleagrach Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste maidir le tairbhe a bhaint as fás geilleagrach amach anseo, tacú le forbairt réigiúnach, agus an struchtúr uirbeach a threisiú in áiteanna i dtuaisceart agus in oirthear na tíre.

Athrú suntasach ar na treochtaí agus na pátrúin fáis reatha, ar a dtugtar 'gnó mar is gnách' sa doiciméad, atá sa straitéis fáis réigiúnaigh a leagtar amach sa CNP. Chun an straitéis sin a chur i bhfeidhm, laghdófar fás an daonra i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre trí pholasaí 'paireachta réigiúnaí' a chur i bhfeidhm faoina gcaithfidh fás Réigiúin an Tuaiscirt, an Iarthair agus an Deiscirt le chéile bheith comhionann, ar a laghad, le fás réamh-mheasta Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.[3] An sprioc daonra atá ann do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre ná go mbeidh 490,000-540,000 duine sa bhreis ina gcónaí sa réigiún faoi 2040.

Caithfidh straitéis an CNP bheith uaillmhianach agus, chun go n-éireoidh leis, caithfear an fás a uasghrádú go suntasach insna réigiúin eile. I bhfianaise na leibhéal fáis atá acusan faoi láthair, is léir nach beag iad na dúshláin a ghabhann leis an tasc seo.


| | Borradh a chur faoin Réigiún Againn | Lárionaid Inrochtana Scála a Thógáil | Dlúthfhás Cliste |
|---|---|---|---|
| **Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre** | +490,000-540,000 duine<br><br>+320,000 jab | Cathair agus Bruachbhailte Bhaile Átha Cliath– +235,000-290,000 duine<br><br>Fás bailte eile lena chinneadh ag Straitéisí Réigiúnacha, Spásúla agus Geilleagracha laistigh de Chreat Náisiúnta foriomlán | 30% de thithíocht nua lena sheachadadh ar thailte inlíontacha/ athfhorbraíochta |

Tábla 2.1: Patrún Spriocdhírithe Fáis i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre go 2040

Eilimint thábhachtach den straitéis fháis é dlúthfhás inbhuanaithe a chinntiú. Bainfear amach é seo trí dhíriú ar an bhfás a sheachadadh laistigh de lorg tógtha lonnaíochtaí atá ann cheana féin trí dhíriú ar athúsáid tailte 'athfhorbraíochta', trí shuíomhanna inlíontacha a fhorbairt, agus trí athúsáid agus athfhorbairt suíomhanna agus foirgneamh atá ann cheana féin. Tá sé mar aidhm go mbeadh 30% ar a laghad de thithe cónaithe nua i lonnaíochtaí lasmuigh de na 5 chathair agus fochathair laistigh den lorg tógtha atá ann cheana.[4]

[3] Cuspóir Beartas Náisiúnta 1a agus 1b den CNP
[4] Cuspóir Beartais Náisiúnta 3c den CNP

## 2.3.2 Treochlár Forfheidhmithe don CNP




In aitheantas ar an tréimhse ama a thógfaidh sé ar na Pleananna Forbartha agus na patrúin reatha fáis aistriú ón meon 'gnó mar is gnách' go dtí patrún níos dlúithe fáis, tá sé san áireamh sa Treochár Forfheidhmithe don CNP, a foilsíodh in Iúil 2018, go mbeidh 'tréimhse trasdula' ann lena gcuirfear sa chuntas zónálacha reatha úsáide talún agus ceadanna ar marthain. Tá an tréimhse trasdula seo chun oibriú go dtí 2026 agus é beartaithe go gcuirfear moill ar an bhfás i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre tar éis 2026. Ag an am sin, tá sé beartaithe go ndéanfar measúnú cuimsitheach ar an gcéad dhreas iomlán de Phleananna Forbartha Cathrach/Contae arna n-ullmhú faoin CNP agus na SRSGanna chun a fháil amach an bhfuil na Cuspóirí Beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha á bhfeidhmiú go rathúil.

Mar chuid de phróiseas druidte na bearna idir an méid a bhfuil soláthar déanta dó ag Pleananna Cathrach agus Contae agus an chonair fháis atá leagtha amach sa CNP, foilsíodh tacar trasdultach réamh-mheastachán daonra do 2026 agus 2031. Táthar ag súil go mbeidh na réamh-mheastacháin seo ina gcabhair chun trasdul níos réidhe a éascú go dtí an straitéis fháis atá leagtha amach sa CNP.[5] Dá bhrí sin is é 2031 a bheith mar pharaiméadar seachtrach ar an treochtaí fáis don tréimhse pleanála seo de réir mar atá leagtha amach sa SRSG, áit a gcuirtear in iúl go mba cheart, i gcásanna ina bhfuil barraíocht tailte cónaitheacha ann, machnamh ar thosaíocht a thabhairt nó forbairt sheicheamhach a dhéanamh ar thailte nach mbeadh le fáil, b'fhéidir, sa tréimhse pleanála, i bhfianaise spriocanna threochlár 2031.[6]

| Contae | 2016 | 2026 | 2031 |
|---|---|---|---|
| **An Mhí** | 195,000 | 216,000-221,000 | 225,500-231,500 |

Tábla 2.2: Réamh-mheastacháin Thrasdultacha Daonra go dtí 2031

### 2.3.2.1 Spás Cinn[7]

Tá soláthar 'spás cinn' san áireamh insna réamh-mheastacháin thrasdultacha daonra atá leagtha amach in Aguisín 2 den Treochlár Forfheidhmithe don CNP. Féadtar tuilleadh 'spás cinn' nach mó ná 25% é a mhachnamh i gcontaetha ina bhfuil sé réamh-mheasta go mbeidh fás an daonra ag meánleibhéal na bunlíne náisiúnta nó os a chionn. Áirítear an Mhí ar an liosta contaetha ina féidir an 'spás cinn' breise seo a chur i bhfeidhm. Cuirtear in iúl sa Treochlár nach féidir an spás cinn seo a mhachnamh ach i réamh-mheastachán 2026.

| Contae | 2016 | 2026 | Daonra do 2026 spás cinn de 25% san áireamh | 2031[8] |
|---|---|---|---|---|
| **An Mhí** | 195,000 | 216,000-221,000 | 221,250-227,500 | 225,500 231,500 |

[5] Aguisín 2 den Treochlár Forfheidhmithe don CNP
[6] Alt 4.3 den SRSG 'Pleananna Reatha a Chur sa Chuntas'
[7] Moladh i Mír 4.14 de Threoirlínte Phlean Forbartha 2007 d'Údaráis Phleanála go gcuirfeadh Údaráis Phleanála dóthain talún ar fáil chun riachtanais chónaitheacha an daonra a shásamh do na naoi mbliana ina dhiaidh sin, méid talún gur mó de 50% é ná an méid a theastaíonn i rith na sé bliana a mhaireann Plean Forbartha. Rinneadh é seo chun a chinntiú go mbeadh eilimint de rogha ann agus chun déileáil le fachtóirí ar bith a chuirfeadh isteach ar scaoileadh/ forbairt tailte. 'Spás Cinn' a thugtar ar an 50% breise seo de thailte.
[8] Ní áirítear sa Treochlár Forfheidhmithe don CNP soláthar do spás cinn breise de 25% in 2031.

Tábla 2.3: Réamh-mheastacháin Thrasdultacha Daonra, spás cinn san áireamh

# 2.4 Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Geilleagrach

Mar chuid de na hathruithe ar na struchtúir Rialtais Réigiúnaigh a tugadh isteach faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 díscaoileadh na 8 nÚdarás Réigiúnacha sa tír agus cuireadh 3 Thionól Réigiúnacha ina nionad. Cuireadh na Tionóil Réigiúnacha ar bun in Eanáir 2015. Tá an Mhí suite i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.




Ceann de phríomhfheidhmeanna an Tionóil Réigiúnaigh ná forfheidhmiú Straitéise Réigiúnaí Spásúla agus Geilleagraí (SRSG) a ullmhú agus a mhaoirsiú. Cuireann an SRSG nasc ar fáil idir an CNP agus na Pleananna Forbartha Cathrach/Contae agus na Pleananna Áitiúla Geilleagracha agus Pobail.[9] Tá an SRSG curtha in ionad na dTreoirlínte Réigiúnacha Pleanála.

Laistigh de Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre tá 3 Cheantar Pleanála Straitéisí; Ceantair Pleanála Straitéisí Bhaile Átha Cliath, Thoir agus Lár an Tíre.


Is éard is aidhm leis an SRSG, de réir mar atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018, ná tacú le feidhmiú an CNP agus le feidhmiú bheartais agus cuspóirí geilleagracha an Rialtais.[10]

## 2.4.1 Próifíl de Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre

Tá struchtúr lonnaíochta éagsúil, ilghnéitheach i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre atá comhdhéanta de limistéir dlúthdhaonra uirbeacha timpeall ar Bhaile Átha Cliath agus patrún níos scaipthe forbartha i gceantair tuaithe i Lár na Tíre.

Bhí daonra de breis is 2.3 milliún duine sa réigiún in 2016, líon is le 49% de dhaonra na tíre. Níl fás an daonra sa réigiún scaipthe go cothrom, mar go bhfuil breis is 2 milliún duine nó 87% den daonra iomlán ina gcónaí i gCeantair Pleanála Straitéisí Bhaile Átha Cliath, an Oirthir agus Lár na Tíre.

Taifeadadh an fás daonra ab airde sa réigiún idir 2006-16 i gCeantar Pleanála Straitéisí an Oirthir, áit ar tháinig méadú de 17.4% nó 102,000 duine ar an daonra.




Fíor 2.2 Ceantair Pleanála Straitéisí (CPS) do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre


[9] Is éard tá i bPlean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail (PAGP) ná straitéis sé bliana ina leagtar amach na cuspóirí agus na bearta a theastaíonn chun forbairt gheilleagrach agus forbairt phobail ceantair údaráis áitiúil a chur chun cinn agus a thacú. Tá PAGP na Mí 2016-2021 ar fail ón láthair seo a leanas:
[Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail Chontae na Mí 2016-2021]

[10] Alt 23 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018

Tá an gheilleagar réigiúnach ag feidhmiú go láidir i gcónaí, agus bhí 830,000 jab lonnaithe sa réigiún in 2016. Bhí tuairim is 70% (578,000) de na jabanna seo lonnaithe i mBaile Átha Cliath, rud a léiríonn ceannas agus láidreacht na príomhchathrach maidir le fás geilleagrach agus infheistíocht.

Chomh maith leis sin, is féidir an rath atá ar gheilleagar Bhaile Átha Cliath a chur i leith an naisc idirspleách idir an phríomhchathair agus na contaetha timpeall air, go háirithe i CPS an Oirthir áit a bhfuil cónaí ar líon suntasach daoine a oibríonn i mBaile Átha Cliath, agus is é is cúis leis an scéal sin go pointe áirithe infhaighteacht tithe cónaithe, mar a bhí agus mar atá i gcónaí, agus cúrsaí inacmhainneachta. Tá daonra na gCeantar Pleanála Straitéisí seo le chéile tar éis bheith ina chabhair chun tairseach chriticiúil de dhaonra a chruthú a theastaíonn chun tacú le fás gheilleagar Bhaile Átha Cliath agus an réigiúin leathain taobh leis.

## 2.4.2 Forbhreathnú ar an SRSG do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre




Leagtar amach sa SRSG an creat straitéiseach d'fhorbairt gheilleagrach agus spásúil Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre suas go dtí 2031.

Is é an phríomhaidhm atá ag an SRSG ná tacú le patrúin níos inbhuanaithe lonnaíochta a bheidh dírithe ar an dlúthfhás, a bhainfidh an leas is éifeachtaí as talamh agus infreastruchtúr, agus a mbeidh cur chuige comhtháite aige maidir le forbairt as a dtiocfaidh deiseanna fostaíochta agus feabhsúcháin ar sheirbhísí, taobh le fás ar an daonra agus ar thithe cónaithe.

Tá an Straitéis Fáis ag tógáil ar threocht an bheartais a ghlactar insna Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála go ndírítear an fás ar líon lonnaíochtaí ainmnithe thart faoin réigiún.

Sainaithnítear 3 shaincheantar beartais sa straitéis mar seo a leanas:

- Cathair agus Mórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Croí-réigiún
- Réigiún Tairsí

### 2.4.2.1 Cathair agus Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

Tá Cathair agus Bruachbhailte Bhaile Átha Cliath comhdhéanta de cheantar leantach tógtha Bhaile Átha Cliath agus síneann sé thar na 4 Cheantar Údaráis Áitiúil i gContae Bhaile Átha Cliath ar fad. Áirítear ann lonnaíochtaí ar nós Bhaile Bhlainséir, Bhaile Munna, agus Bhinn Éadair i bhFine Gall, Chluain Dolcáin agus Thamhlachta i mBaile Átha Cliath Theas agus Dhún Droma agus Dhún Laoghaire i gComhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin.

Tá sé réamh-mheasta ag an CNP go mbeidh 235,000-290,000 duine breise ina gcónaí i gCathair agus Bruachbhailte Bhaile Átha Cliath faoi 2040. Bainfear é seo amach tríd an fás a dhíriú ar lorg tógtha limistéar na Cathrach agus na mBruachbhailte.[11]

Síneann an Ceantar Meitreapholaiteach taobh thall den Chathair agus de na Bruachbhailte go dtí go n-áirítear ann lonnaíochtaí móra a bhfuil naisc láidre agus sineirge leis an gcathair acu ar nós Shoird, Dhún Búinne, Mhaigh Nuad, Léim an Bhradáin, Bhré, agus na gCloch Liath. Bhí cónaí ar 1.4 milliún duine sa Cheantar Meitreapholaiteach in 2016, líon ab ionann agus 60% de dhaonra Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.

Mar chuid den straitéis forbairt a dhíriú i dtreo cheantar na cathrach, áiríodh soláthar sa CNP do Phlean Straitéiseach don Cheantar Meitreapholaiteach (PSCM) ina leagtar amach fís ardleibhéil fhadtéarmach straitéiseach don Cheantar Meitreapholaiteach. Ullmhaíodh an PSCM seo mar chuid den SRSG.

Sainaithníonn PSCM Bhaile Átha Cliath pasáistí straitéiseacha fáis bunaithe ar a gcumas chun dlúthfhás inbhuanaithe, seicheamhach a sheachadadh agus ar a gcóngaracht d'iompar poiblí atá ann cheana nó atá beartaithe. Tá béim láidir ann ar úsáid talún agus pleanáil don iompar a ailíniú d'fhonn déanamh beartais agus infheistíocht a chomhordú agus pobail níos dlúithe, inbhuanaithe a chruthú. Ina theannta sin tá na riachtanais oiriúnacha infreastruchtúir sainaitheanta a theastaíonn chun na tailte seo a scaoileadh i gcomhair forbartha.

### 2.4.2.2 Croí-limistéar

Tá an croí-limistéar comhdhéanta de na limistéir peirea-uirbeacha sa chomaitéircheantar timpeall ar Bhaile Átha Cliath, a shíneann isteach i Lú, Mí, Iarmhí, Cill Dara, agus Cill Mhantáin. Ar na príomhlonnaíochtaí tá Droichead Átha, Baile Brigín, An Uaimh, Nás, Droichead Nua, agus Baile Chill Mhantáin.

Táthar chun fás amach anseo sa Chroí-limistéar a dhíriú ar dhlúthfhás comhtháite i bpríomh-lárionaid fostaíochta agus seirbhíse fad is atá lárionaid níos lú ag fás de réir ráta níos inbhuanaithe. Díreofar chomh maith ar fheabhsúcháin ar sheirbhísí agus áiseanna i lonnaíochtaí atá tar éis dul faoi fhás suntasach ar an daonra iontu d'fhonn cur le cáilíocht na timpeallachta beatha agus oibre.

### 2.4.2.3 Réigiún Tairsí

Tá an Réigiún Tairsí comhdhéanta den chuid eile de Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre taobh thall den Cheantar Meitreapholaiteach agus de na Croí-limistéir. Tá na lonnaíochtaí sa chuid seo den Réigiún níos scaipthe, tuathánaí. Tá fócas ar Bhaile Átha Luain agus Dún Dealgan bheith ag feidhmiú chun an dul chun cinn ar fhás geilleagrach na coda seo den réigiún a chinntiú. Ar na príomhlonnaíochtaí eile tá An Longfort, An Muileann gCearr, Port Laoise, agus An Tulach Mhór.

### 2.4.2.4 An Straitéis Eacnamaíoch

Tá dearcadh dearfach taobh thiar den Straitéis Eacnamaíoch agus tá sé dírithe ar bheith ag tógáil i gcónaí ar an dul chun cinn atá déanta sa gheilleagar le blianta beaga anuas. Bíodh is gurb é Baile Átha

[11] Faoi Chuspóir Náisiúnta Beartais 3b den CNP leagtar síos sprioc de leath (50%) ar a laghad de thithe cónaithe sa Chathair agus sna Bruachbhailte a bheith seachadta sa limistéar tógtha atá ann cheana.

Cliath go príomha atá taobh thiar den dul chun atá déanta sa gheilleagar náisiúnta, admhaítear chomh maith leis an straitéis an cumas atá i bpríomhlonnaíochtaí ar fud an réigiúin chun tacú leis an bhfás geilleagrach agus é a sheachadadh. Aithnítear chomh maith tábhacht Phasáiste Geilleagrach Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste chun tairbhe a bhaint as an bhfás geilleagrach agus é a chur chun cinn.

Mar chuid den saintéama leathan san SRGS 'ionaid a chruthú' agus timpeallachtaí uirbeacha ar ardchaighdeán a chruthú, cuirtear béim ar fheabhas a chur ar an ailíniú idir an daonra agus an fás ar an bhfostaíocht d'fhonn lonnaíochtaí níos inbhuanaithe a chruthú ina mbeidh daoine in ann sult a bhaint as caighdeán beatha níos fearr. Cuirfear é seo ar fáil trí úsáid na talún agus pleanáil an iompair a chomhtháthú agus trí thacú le dlúthfhás comhtháite, go háirithe taobh le pasáistí iompair phoiblí ar ardchaighdeán ina bhféadfar patrúin níos inbhuanaithe taistil a spreagadh. Admhaítear leis an straitéis chomh maith an tábhacht a bhaineann le feabhsú na nascachta agus leis an bpleanáil d'éilimh ionchasacha amach anseo ar an infreastruchtúr d'fhonn iomaíochas agus mealltacht an réigiúin a choimeád mar ionad le hinfheistiú ann, agus sa chaoi sin an fás geilleagrach agus seachadadh leantach na fostaíochta spriocdhírithe a spreagadh.




Léarscáil 2.1: Réimsí Beartais i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre

## 2.4.3 Tionchar an SRSG ar mhúnlú an fháis amach anseo sa Mhí

Riachtanas éigeantach é go mbíonn comhsheasmhacht sa ghrádlathas pleanála spásúla idir pleananna náisiúnta, réigiúnacha, agus áitiúla. Déanfar an Plean Forbartha seo a ailíniú, sa mhéid is indéanta é, leis na cuspóirí beartais náisiúnta agus réigiúnacha atá leagtha amach sa CNP agus san SRSG.

Is mar seo a leanas na príomheilimintí de straitéis fáis an SRSG a rachaidh i gcion ar fhás agus forbairt na Mí amach anseo:

- Fás Meitreapholaiteach – tá limistéir forbartha straitéisí aitheanta ag an PSCM i nDún Búinne agus Maigh Nuad (taobh le pasáiste iarthuaiscirt an Cheantair Mheitreapholaitigh) a bhfuil an cumas iontu fás suntasach cónaitheach agus fostaíochta a sheachadadh. Le síneadh starrach na dtailte seo méadófar mais chriticiúil de dhaonra sa Cheantar Meitreapholaiteach, rud a chruthóidh patrúin níos dlúithe, inbhuanaithe fáis. Tá Comhairle Contae Chill Dara tar éis Cill Choca a shainaithint mar bhaile Féinchothabhálach. Ós rud é gurb é Cill Dara an Príomhúdarás Áitiúil maidir leis an mbaile, tá sé riachtanach go mbeadh ainmniú na Mí ag ailíniú le hainmniú Chill Dara.

- Lasmuigh den Cheantar Meitreapholaiteach, díreofar fás amach anseo i dtreo príomhlonnaíochtaí ainmnithe ar a n-áirítear lárionad Fáis Réigiúnaigh Dhroichead Átha agus na hUaimhe, atá ina Príomhbhaile. Aithnítear leis an SRSG leibhéal agus raon na seirbhísí agus na n-áiseanna atá le fáil insna lonnaíochtaí seo agus an poitéinseal atá acu chun bheith ag forbairt i gcónaí mar lárionaid thábhachtacha cónaitheacha, fostaíochta, agus seirbhíse sa Chontae agus sa réigiún leathan taobh leis.

- Thíos faoi na lonnaíochtaí ainmnithe tá líon de bhailte beaga agus bailte ar mheánmhéid a chomhlíonann ról tábhachtach mar go dtugann siad fostaíocht agus seirbhísí don lonnaíocht agus don cheantar mór. Beidh fócas níos mó ar fhás inbhuanaithe insna lonnaíochtaí seo, forbairt inlíontach agus athfhorbraíocht san áireamh mar aon le tacaíocht do fheabhas a chur ar sholáthar áiseanna agus seirbhísí. Príomhchuspóir is ea an fás sa soláthar fostaíochta do na lonnaíochtaí seo d'fhonn pobail 'maireachtála oibre' a chruthú.

- Beidh fócas ar infheistíocht i mbailte agus sráidbhailte tuaithe, agus i nóid tuaithe chun cur in aghaidh an mheatha atá ag teacht ar cheantair tuaithe. Le hathfhorás suíomhanna folmha nó tearcúsáidte in éineacht le rollú amach an tionscnaimh 'Tithe Nua i Sráidbhailte agus Bailte Beaga' idir údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí infreastruchtúir, agus pobail áitiúla, soláthrófar deis chun an fhorbairt gheilleagrach a threisiú agus pobail tuaithe a athnuachan.[12] Amuigh faoin dtuath déantar idirdhealú idir limistéir atá faoi thionchar uirbeach i.e. laistigh de chomaitéircheantar cathracha agus bailte móra agus lárionaid fhostaíochta, agus limistéir atá lasmuigh

[12] Cuspóirí Beartais Náisiúnta 18a agus 18b sa CNP

de na ceantair seo.[13] Léirítear é seo le Léarscáil de Bhrú Forbraíochta Tuaithe nuashonraithe agus beartas nuashonraithe tithíochta tuaithe

Is mar seo a leanas an grádlathas lonnaíochta mar atá sé leagtha amach sa SRGS:

| Tíopeolaíocht Lonnaíochta | Cur Síos | Áit |
|---|---|---|
| **Cathair agus Ceantar Meitreapholaiteach Bhaile Átha Cliath** | Croí-ionad idirnáisiúnta gnó ag a bhfuil bonn fostaíochta fíordhlúth, ilghnéitheach agus tairiscint miondíola, ealaíon, cultúir agus áineasa ar ardchaighdeán. Feidhmíonn sé mar mhol náisiúnta iompair ag a bhfuil naisc láidre idir-réigiúnacha agus inréigiúnacha mar aon le comaitéircheantar fairsing. | Cathair agus bruachbhailte Bhaile Átha Cliath<br>Dún Búinne/Dún Búinne Thuaidh/Cluain Aodha<br>Maigh Nuad<br>Cill Choca |
| **Lárionaid Réigiúnacha Fáis** | Bailte móra iad seo ag a bhfuil ardleibhéal fostaíochta agus seirbhísí féinchothabhálacha a fheidhmíonn chun an dul chun cinn ar fhás geilleagrach an réigiúin a chinntiú agus a chomhlíonann ról suntasach do cheantar leathan taobh leis. | Droichead Átha |
| **Príomhbhailte** | Bailte móra seirbhíse/contae a bhfuil geilleagar gníomhach acu a chuireann fostaíocht ar fáil do na ceantair mórthimpeall orthu agus ag a bhfuil naisc iompair ardchaighdeáin agus an cumas fás a spreagadh chun cur leis na Lárionaid Fáis Réigiúnaigh. | An Uaimh |
| **Bailte Fáis Fhéinchothabhálacha** | Bailte ag a bhfuil meánleibhéal jabanna agus seirbhísí – áirítear air seo bailte margaidh agus comaitéara fochontae ag a bhfuil naisc mhaithe iompair agus an cumas chun fáis leantaigh mór go leor chun teacht chun bheith níos féinchothabhálaí. | Cill Dhéagláin, Dún Seachlainn, Ceanannas, Baile Átha Troim |
| **Bailte Féinchothabhálacha** | Bailte ag a bhfuil ardleibhéal fáis ar an daonra acu mar aon le bonn fostaíochta lag, a bhraitheann ar limistéir eile don fhostaíocht agus/nó seirbhísí agus a theastaíonn infheistíocht spriocdhírithe 'athdheise' uathu chun teacht chun bheith níos féinchothabhálaí. | An Inse-Baile an Bhiataigh-Baile Uí Mhornáin-Domhnach Cairnigh, Ráth Tó, An Bóthar Buí, Steach Maoilín |

[13] Cuspóir Beartais Náisiúnta 19 den CNP agus Cuspóir Beartais Réigiúnach 4.78 den SRGS

| | | |
|---|---|---|
| **Bailte agus Sráidbhailte** | Bailte agus sráidbhailte a bhfuil feidhmeanna seirbhíse áitiúla agus fostaíochta acu | Bailte – Baile Átha Buí, Damhliag, An Seanchaisleán, Sráidbhailte – Baile Íomhair agus Maigh Dearmhaí |
| **An Tuath** | Sráidbhailte tuaithe a bhfuil daonra níos lú ná 1,500 acu agus an ceantar leathan taobh leo | Droichead Chearbhalláin, Carn na Ros, Cluain Ioraird, Crosa Caoil, Dún Uabhair, Droim Conrach, Baile Ghib, Baile Mhic Ghormáin, Baile Iúiliáin, Baile an Cheantaigh, Cill Bhríde, Cill Dealga, Cill Mhaighneann, Cill Mheasáin, Maigh nEalta, An Obair, Ráth Chairn, Ráth Moliain, Baile Shláine, Cnoc an Línsigh |
| | Nóid tuaithe | |

Tábla 2.3 Grádlathas lonnaíochta don Mhí

## 2.5 Léarscáil Croístraitéise

Soláthraítear sa Léarscáil Croístraitéise (Léarscáil 2.3) atá leagtha amach lastall forbhreathnú coincheapúil den straitéis pleanála spásúla don Chontae. Léirítear leis an léarscáil seo na lárionaid ainmnithe fáis agus na pasáistí straitéiseacha iompair sa chontae, iad curtha i gcomhthéacs an réigiúin leathain.




Léarscáil 2.3: Léarscáil Croístraitéise

## 2.6 Ionchas an Phlean sa Ghearrthéarma agus sa Mheántéarma

Tá an Plean seo á ullmhú ag am ag a bhfuil an fás tagtha arís ar gheilleagar na hÉireann. Tá se seo tar éis teacht i ndiaidh tréimhse fada marbhántachta agus éiginnteachta nuair a chuaigh an gheilleagar faoi luaineacht agus athrú.

In éineacht leis an bhfás geilleagrach seo tháinig éileamh méadaithe ar an dtithíocht. Bíodh is go bhfuil méadú tagtha ar an táirgeadh tithíochta, tá sé go suntasach faoi bhun an leibhéil a theastaíonn i margadh atá ag feidhmiú go normálta. Dá bharr seo, tá an t-éileamh ar thithíocht ag sárú an tsoláthair i gcónaí, go háirithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, áit ar tháinig ardú dá bharr sin ar phraghsanna agus cíosanna ar thithe mar aon le líon gan fasach daoine gan dídean ar bith ar fud an réigiúin agus an Stáit.

De réir mar a thagann feabhas ar an ngeilleagar i gcónaí, tá ionchas ann go dtiocfaidh méadú ar an inimirce mar thoradh ar an méadú ar an bhfostaíocht [14], rud as a dtiocfaidh brúnna breise ar an éileamh ar thithíocht. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh soláthar leordhóthanach tithíochta oiriúnaí de chineálacha éagsúla ar fáil chun éascú leis an bhfás ar an ngeilleagar, agus chun a chinntiú go gcoimeádfar an táirgeadh tithíochta ag leibhéal inbhuanaithe a shásóidh riachtanais daonra atá ag fás chomh maith leis an éileamh 'faoi chois' a bhíonn ar thithíocht tar éis tréimhse fada díomhaointis.

Bíodh is go bhfuil an Plean Forbartha seo bunaithe ar an mbonn tuisceana go mbeidh fás dearfach geilleagrach ann i gcónaí ní mór machnamh chomh maith ar thionchar féideartha Brexit ar gheilleagar na hÉireann. Glactar leis go forleathan go mbeidh impleachtaí móra geilleagracha ann don tír ar fad is cuma cén saghas Brexit a chomhaontófar sa deireadh. Beidh an tionchar seo ábhartha ach go háirithe i gcás chontaetha na teorann. Is iomaí gnólacht lonnaithe sa Mhí a bheidh gan chosaint ó na rioscaí seo chomh maith agus san áireamh iontu seo beidh gnó agraibhia, iascaigh, gnólachtaí tarlaithe, an tionscal cógaisíoch ceimiceach, agus gnólachtaí miondíola. Tá earnáil na turasóireachta gan chosaint chomh maith ar rioscaí breise.

Agus é seo curtha san áireamh, is den tábhacht é go mbeadh an Plean seo láidir go leor chun solúbthacht a cheadú a d'éascódh le gnólachtaí chun freagairt ar dhúshláin amach anseo a bhaineann le Brexit agus na héiginnteachtaí a chruthódh sé don gheilleagar áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## 2.7 Cuspóirí na Croístraitéise

Mar chuid den chur chuige comhsheasmhacht a bhaint amach leis an CNP agus an SRGS is mar seo a leanas cuspóirí na na Croístraitéise:

- Léiriú go bhfuil Plean Forbartha Chontae na Mí comhsheasmhach le straitéisí pleanála, treoirlínte agus beartais náisiúnta agus réigiúnacha, réamh-mheastacháin daonra náisiúnta agus réigiúnacha san áireamh.

[14] Taifeadadh i nDaonáireamh 2016 gur tháinig 82,346 inimirceach go hÉirinn sa bhliain suas go dtí Aibreán 2016 i gcomparáid le 53,267 in Aibreán 2011. Foilsíodh Réamh-mheastacháin Daonra agus Inimirce ón CSO i Lúnasa 2019 ina meastar gurb é 88,600 an líon inimirceach go dtí an Stát idir Aibreán 2018 agus Aibreán 2019

- An creat beartais don straitéis lonnaíochta agus do na Pleananna Ceantair Áitiúil a sholáthar, go háirithe maidir le zónáil úsáide talún agus dáileadh an daonra.
- Cinntiú go mbeidh infheistíocht infreastruchtúir comhordaithe le lonnaíochtaí atá sainaitheanta d'fhás amach anseo.
- Éascú le fás dhaonra na Mí suas go dtí daonra réamh-mheasta de 227,500 i dtréimhse an phlean agus cinntiú go mbíonn dáileadh an daonra spriocdhírithe i dtreo na lárionad fáis atá sainaitheanta san SRGS.

## 2.8 Leagan amach/Inneachar na Croístraitéise

Éilítear ar an gCroístraitéis aghaidh a thabhairt ar na 3 réimse seo a leanas:

- Spriocanna Daonra
- Spriocanna Teaghlaigh agus riachtanais talún amach anseo
- Grádlathas lonnaíochta/Dáileadh daonra agus teaghlach

Tá na riachtanais reachtúla maidir le hinneachar na gCroístraitéisí[15] leagtha amach go soiléir agus éilítear leo cur chuige fianaise-bhunaithe maidir le leithdháileadh agus dáileadh daonra agus teaghlach agus le riachtanais úsáide talún. Tá an chosúlacht ann, go dáta, go bhfuil neamhréir shuntasach sa chur chuige i leith na Forbartha Straitéisí Tithíochta [16] idir na riachtanais mar atá siad leagtha amach sa chroístraitéis agus na haonaid atá ceadaithe mar chuid de na feidhmithe seo. Caithfear dul i ngleic leis an easpa comhordaithe seo, de réir dealraimh, go háirithe i gcomhthéacs na sraithe pleananna forbartha a athbhreithníodh tar éis don SRGS bheith glactha, d'fhonn a chinntiú go mbeidh muinín ag an bpobal i gcónaí go seachadfaidh an córas pleanála freagairt chomhordaithe, éifeachtach ar an ngéarchéim tithíochta atá ann faoi láthair.

### 2.8.1 Prionsabail treorach do Chroístraitéisí

Ina 'Prionsabail treorach do Chroístraitéisí' éilíonn an SRGS ar Údaráis Áitiúla aird a thabhairt ar an ngrádlathas lonnaíochta nuair a bheidh siad ag ullmhú na Croístraitéise.[17] Aithnítear chomh maith go dtiocfaidh neamhréireachtaí leis na pleananna atá ann cheana as feidhmiú Straitéise Fáis an CNP ag an leibhéal réigiúnach agus ag leibhéal an chontae, go háirithe maidir leis an gcandam talún atá zónáilte d'úsáid chónaitheach.

Soláthraíonn an SRGS na roghanna seo a leanas[18] chun dul i ngleic le fadhb na dtailte cónaitheacha iomarcacha:

- Cuir bearta tosaíochta i bhfeidhm a chuireann sa chuntas forbairt sheicheamhach tailte atá oiriúnach don tithíocht ach nach mbeidh le fáil, b'fhéidir, i dtréimhse an phlean
- Dí-zónáil an talamh

Admhaítear chomh maith go bhfuil cásanna ann de lonnaíochtaí a bhfuil poitéinseal acu don fhorbairt fhadtéarmach nach bhfuil á dtabhairt ar aghaidh i gcomhair forbraíochta. Seachas bheith ag brath ar

[15] Alt 10(2A) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (mar a leasaíodh)
[16] Feic Alt >>> Treoirlínte agus Caighdeáin Bainistíochta Forbartha Caibidil 11
[17] Alt 4.3 den SRGS 'Tíopeolaíocht Lonnaíochta a Shainaithint'
[18] Rannán 4.3 de 'Taking Account of Existing Plans' de chuid an SRGS

scaoileadh na dtailte seo i gcomhair forbraíochta cónaithí, cuireann an SRGS in iúl gur ceart d'Údaráis Áitiúla tailte oiriúnacha eile a mhachnamh a bhfuil ionchais níos fearr seachadta acu sa ghearrthéarma agus dul ar thóir na dtailte atá níos straitéisí trí Straitéis Ghníomhach Bainistíochta Talún.

Agus sinn ag sainaithint an riachtanais talún cónaithí don Phlean seo agus ag dul i ngleic le fadhb na dtailte iomarcacha déanfar machnamh ar an dá rogha atá leagtha amach thuas. Tá measúnú déanta ar an dtalamh chónaitheach neamhfhorbartha i ngach aon lonnaíocht. Ní bhainfear leas as tosaíocht a thabhairt nó céimniú a dhéanamh ar thailte cónaitheacha ach insna lonnaíochtaí móra, áit a bhfuil fás an daonra chun bheith comhchruinnithe i.e. Lárionad Réigiúnach Fáis, Príomhbhaile, nó Bailte Fáis Féinchothabhálaí, agus sa chás amháin go bhfuil fáthanna bunúsacha ann leis an éileamh go ndéanfaí céimniú ar thailte den sórt sin.

Tá sé beartaithe cúltaca de thailte cónaitheacha a chur san áireamh nach mbeidh ar fáil chun forbraíochta go dtí tar éis 2026 insna lonnaíochtaí seo a leanas amháin:

| Lonnaíocht | An fáth le go bhfuiltear ag cur cúltaca talún cónaithí san áireamh |
|---|---|
| Dún Búinne | Cinntiú go mbíonn straitéis fhadtéarmach ann d'fhorbairt an Bhaile Mheitreapholaitigh seo amach anseo |
| An Uaimh | Mar an Príomhbhaile agus an lonnaíocht is mó sa Chontae, is den tábhacht é go mbeadh soiléire agus treoir ann d'fhás meántéarmach agus fadtéarmach an bhaile. Ina theannta sin, saintéama leathan den Phlean seo is ea líne iarnróid a sheachadadh go dtí An Uaimh. Tá sé lárnach mar sin go mbeadh straitéis fhorbartha ann lena léireofar go bhfuil an cumas ag an mbaile tacú leis an méadú ar an daonra a bhaineann le lonnaíocht iarnród-bhunaithe. |
| Dún Seachlainn | Léiriú go bhfuil an cumas ag an mbaile an mhais chriticiúil de dhaonra a thógáil a bhaineann le nasc iarnróid arna sheachadadh mar chuid de Chéim II de Thionscadal Iarnród na hUaimhe. |

Tábla 2.4: Liosta de lonnaíochtaí ina bhfuil 'cúltaca' de thailte cónaitheacha lena gcoimeád

#### 2.8.1.1 Comhphlean Ceantair Uirbigh do Dhroichead Átha

In aitheantas ar an riachtanas go mbeadh straitéis chomhordaithe ann chun cumas fáis Dhroichead Átha a uasmhéadú, atá ainmnithe mar Lárionad Réigiúnach Fáis sa CNP, leagtar amach i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh 4.11 sa SRSG an riachtanas go n-ullmhófaí Comhphlean Ceantair Uirbigh don bhaile idir Comhairlí Contae na Mí agus Lú.

Ag an am a bhfuiltear á scríobh seo níl an fráma ama d'ullmhú an Chomhphlean Ceantair Uirbigh seo comhaontaithe. Admhaítear go mbeadh leasuithe ar bith ar an straitéis zónála úsáide talún do Phurláin Dheisceart Dhroichead Átha réamhaibí go dtí go n-ullmhófar an Comhphlean seo. Aithníonn an Chomhairle chomh maith, áfach, gurb é Droichead Átha ceann de na príomhcheantair don fhás daonra agus don fhás geilleagrach i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Agus an méid seo curtha san áireamh is den tábhacht é a nótáil go bhfuil infhaighteacht úsáide talún i gcomhréir lena ionad sa ghrádlathas lonnaíochta agus lena ról ionchasach i bhfás agus forbairt an Réigiúin amach anseo, ról bheith taobh thiar den fhás réigiúnach geilleagrach. Dá bhrí sin, baineadh an t-ainmniú 'Céim Chónaitheach II' de na tailte ar an A2 'Nua Cónaitheacha' i bPurláin Dheisceart Dhroichead Átha agus tá na tailte ar an A2 'Nua Cónaitheacha' seo coimeádta agus cuireadh ar fáil i gcomhair forbraíochta iad.

Cinnteofar leis an 'socrú trasdula' seo go mbíonn dóthain talún ar fáil chun éascú leis an bhfás daonra agus leis an bhforbairt gheilleagrach bunaithe ar a ainmniú mar Lárionad Réigiúnach Fáis. Mar chuid den phróiseas Chomhphlean Ceantair Uirbigh déanfar imscrúdú níos mionsonraithe ar an gcandam de thailte cónaitheacha agus zónáilte don fhostaíocht, agus ar an infreastruchtúr spáis oscailte agus pobail. Má shainaithníonn an anailís seo iomarcacht tailte cónaitheacha, féadfar na tailte seo a chur i 'gcúltaca'. Go dtí go gcríochnófar an próiseas seo déanfaidh an Chomhairle monatóireacht dhlúth ar ghníomhaíocht forbraíochta sa cheantar.

## 2.8.2 Réamh-mheastacháin Daonra

Áirítear ar an SRGS réamh-mheastacháin daonra do gach aon cheantar Pleanála Straitéise agus Údaráis Áitiúil sa réigiún do 2026 agus 2031. Leagadh amach na réamh-mheastacháin seo sa Léarscáil Feidhmithe don CNP agus bhí siad bunaithe ar shamhail dhéimeagrafach agus eacnaiméadrach arna forbairt ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta mar chuid d'ullmhú an CNP. Ionchorpraíodh chomh maith fachtóir spáis cinn de 25% de dhaonra réamh-mheasta insna réamh-mheastacháin do 2026 chun éascú leis an trasdul go dtí feidhmiú na straitéise fáis a leagadh amach sa CNP.

| | Daonáireamh 2011 | Daonáireamh 2016 | Daonra réamhm-heasta 2026 | Daonra réamhm-heasta 2031 |
|---|---|---|---|---|
| **Ceantar Pleanála Straitéise an Oirthir** | 653,984 | 689,000 | 759,000-777,000 | 789,000-813,500 |
| **Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre** | 2,209,463 | 2,328,517 | 2,566,500-2,619,000 | 2,668,000-2,740,500 |
| **An Mhí** | 184,135 | 195,044 | 216,000-221,000 | 225,500-231,500 |

Tábla 2.5: Réamh-mheastacháin Réigiúnacha agus Contae daonra do 2026 agus 2031

Aithnítear leis an Léarscáil Feidhmithe chomh maith go bhfuil codanna den tír ann ina bhfuil an fás réamh-mheasta daonra ag an meánleibhéal náisiúnta nó os a chionn. Áirítear an Mhí ar an liosta seo contaetha. Tá soláthar déanta do spás cinn breise de 25% a leithdháileadh suas go dtí 2026 insna contaetha seo.

Níl aon liúntas ann do chur i bhfeidhm an spáis cinn bhreise seo de 25% insna réamh-mheastacháin do 2031.

Léirítear le figiúirí Dhaonáireamh 2016 go raibh fás an daonra sa Mhí ag teacht ar an mór gcóir leis an bhfigiúr a réamh-mheasadh san SRGS mar go raibh fás de 5.9% ar an daonra sa chontae thar an tréimhse cúig bliana 2011-2016. Tá fás ag teacht ar dhaonra na Mí ag ráta beagán níos tapa ná an ráta sa réigiún trí chéile nó an ráta i gCeantar Pleanála Straitéise an Oirthir áit ar tharla méaduithe de 5.4% agus 5.3% i rith na tréimhse céanna.

Léirítear trí anailís eile d'fhigiúirí daonra Dhaonáireamh 2016 gurb iad na Ceantair Údaráis Áitiúil An Mhí agus Fine Gall amháin a shásaigh na spriocanna daonra do 2016 a leagadh amach san SRGS.

Agus an patrún fáis ar an daonra sa Mhí le déanaí curtha san áireamh, ba den chríonnacht é an spás cinn bhreise seo atá ar fáil a úsáid chun solúbthacht a chur ar fáil i gcás ina mbeadh an fás ar an daonra ní b'airde ná mar a réamh-mheasadh. Tá sé seo ábharthach ach go háirithe nuair a mhachnaítear ar an leibhéal inimirce atá ann faoi láthair i gcomparáid leis an leibhéal a réamhmheasadh sa samhail dhéimeagrafach agus eacnaiméadrach a ullmhaíodh mar chuid den

Chreat Náisiúnta Pleanála. Réamh-mheasadh sa doiciméad seo meán-ghlanimirce de 8,000 duine in aghaidh na bliana idir 2017-2021 agus 12,500 duine in aghaidh na bliana ó 2021 go dtí 2040. I gcomparáid leis sin cuirtear in iúl leis na figiúirí arna bhfoilsiú ag an CSO glanimirce de 34,000 duine in 2018 agus 33,700 duine in 2019. Cuirtear in iúl leis na figiúirí seo go bhfuil fás ag teacht ar dhaonra na tíre ag ráta níos tapa ná mar a bhíothas ag súil leis sa CNP.[19]

Agus an spás cinn bhreise seo curtha san áireamh, is mar seo a leanas an réamh-mheastachán daonra suas go dtí 2026 :

| | Daonáireamh 2011 | Daonáireamh 2016 | Daonra réamh-mheasta 2026 | Daonra réamh-mheasta 2031[20] |
|---|---|---|---|---|
| **An Mhí** | 184,135 | 195,044 | 221,250-227,500 | 225,500- 231,500 |

Tábla 2.6: Daonra réamh-mheasta don Mhí go 2026 spás cinn san áireamh

Is é 227,500 mar sin an daonra réamh-mheasta don Mhí in 2026.

Ag cur sa chuntas gur straitéis 12 bliana an SRGS, cuireadh san áireamh i Léarscáil Fheidhmithe an CNP chomh maith réamh-mheastacháin daonra do 2031. Tagraíonn an SRGS don tréimhse 2026-2031 mar an meántéarma agus tá réamh-mheastachán daonra ann d'fhigiúr idir 225,500 agus 231,500 don Mhí faoi 2031. Ní áirítear sa bhfigiúr seo, áfach, an spás cinn bhreise de 25% atá leithdháilte suas go dtí 2026.

### 2.8.3 Anailís de rátaí fáis atá ann faoi láthair agus atá réamh-mheasta


Tháinig fás tapa ar an daonra sa Mhí idir 2006-11 nuair a bhí fás de 13% ar an daonra. I rith na tréimhse 5 bliana ina dhiaidh sin (2011-16) taifeadadh méadú níos measartha de 5.9%. Bhí an fás seo i gcomhréir leis na tosca geilleagracha a bhí i réim san am, an gheilleagar ag feidhmiú go láidir suas go dtí 2008, agus ciorrúchán ar an bhfás ina dhiaidh sin mar gheall ar an gcúlú domhanda. Thar an tréimhse 10 mbliana idir 2006-16 ba é 20% an méadú iomlán ar an daonra. B'ionann é seo agus meánmhéadú bliantúil ar an daonra de 3,221 duine.

| | Méadú ar an daonra 2006-16 | Méanmhéadú bliantúil 2006-16 | Méadú réamh-mheasta 2016-26 | Méanmhéadú bliantúil réamh-mheasta 2016-26 |
|---|---|---|---|---|
| **An Mhí** | 32,206 | 3,221 | 32,456 | 3,246 |

Tábla 2.7: An méadú ar an daonra sa Mhí 2006-2026

[19] Feic leathanach 43 de 'Prospects for Irish Regions and Counties' arna fhoilsiú ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus 'Population and Migration Estimates' an CSO arna fhoilsiú i Lúnasa 2019

[20] Ní dhéanann an Léarscáil Fheidhmithe don CNP soláthar do spás cinn bhreise de 25% in 2031




Fíor 2.1: Méanmhéadú bliantúil réamh-mheasta sa Mhí suas go dtí 2026


Idir 2016-2026 réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú de 16.5% ar dhaonra na Mí. Is ionann é seo agus meánmhéadú bliantúil ar an daonra de 3,246 duine, méadú is ionann leis an meánmhéadú bliantúil idir 2006-16.

Leagtar amach sa ghraf thuas an fás réamh-mheasta ar an daonra sa Chontae suas go dtí 2026 agus deimhníonn sé go mbeidh an patrún fáis de réir conaire comhchosúil léi siúd a bhí ann idir 2006-16.


# 2.9 Tithíocht

## 2.9.1 Réamhrá

Mar gheall ar an gcliseadh ar an margadh réadmhaoine in 2008 agus an drochthoradh geilleagrach a tháinig as sin bhí marbhántacht ar thógáil tithe sa Chontae agus ar fud an Stáit. De réir na bhfigiúirí tithíochta a foilsíodh mar chuid de dhaonáireamh 2016 níor tógadh ach 952 aonad cónaitheach sa Mhí sa tréimhse 2011-16. B'ionann é seo agus méadú de 1.4% sa stoc tithíochta, agus taifeadadh stoc iomlán tithíochta i nDaonáireamh 2016 mar 70,649 aonad, ag ardú ó 69,697 in 2011. Tháinig an moilliú seo ar an tógáil tithe tar éis tréimhse marthanaí fáis gan fasach ar an stoc tithíochta sa Chontae. Aibhsítear insna cairteanna thíos na treochtaí codarsnacha sa mhargadh tithíochta sa Mhí thar na 20 bliain seo caite le luathú tapa ar an tógáil tithe ó 1996-2006 agus laghdú chomh tapa céanna ina dhiaidh sin ó 2006-2015. Ó 2014 nuair a thosaigh an geilleagar ag téarnamh tháinig méadú mall ar an tógáil tithe, cé gur ó bhun an-íseal a tharla sin.




Fíor 2.2: Stoc Iomlán Tithíochta sa Mhí 1991-2016




Fíor 2.3: Críochnuithe ar áiteanna nua cónaithe sa Mhí 1996-2018

Ós rud é go raibh easpa forbartha suntasaí cónaithí ar bith ann thar na deich mbliana seo caite thit an tógáil chónaitheach ar chúl an fháis ar an daonra. Mar gheall air sin tá brú ar an stoc tithíochta atá ann faoi láthair, agus is léir go bhfuil cíosanna méadaithe, praghsanna tithe méadaithe agus easpa dídine sa Chontae agus ar fud an réigiúin. De réir mar a bhíonn an geilleagar ag téarnamh i gcónaí beidh an t-éileamh ar bhreis tithíochta sa Chontae agus sa réigiún leathan taobh leis ann i gcónaí.

D'fhreagair an Rialtas ar an ndúshlán seo trí líon tionscnamh a fhoilsiú, an méid seo a leanas san áireamh:

- *Rebuilding Ireland: An Action Plan for Housing and Homelessness*, arna fhoilsiú i Iúil 2016, tá tiomantas ann don soláthar tithíochta a mhéadú go dtí leibhéal bunlíne de 25,000 aonad in aghaidh na bliana faoi 2020.

- Sainaithníodh an tithíocht mar cheann de na réimsí tosaíochta don infheistíocht sa *Phlean Forbartha Náisiúnta* , agus tá infheistíocht chaipitil de €4.2 billiún ar fáil don tithíocht shóisialta sa tréimhse 2018-2021. Tacóidh an cistiú seo le seachadadh 40,000 aonad nua tithíochta sóisialta.[21]
- In 2017 d'fhógair an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil *Ciste Gníomhachtúcháin um Tithíocht agus Infreastruchtúir Áitiúil (CGTIA)* dar luach €200 milliún. Soláthróidh an cistiú seo infreastruchtúr criticiúil a éascóidh le seachadadh luathaithe tithíochta i bpríomhshuíomhanna forbraíochta áit a bhfuil éileamh mór ar thithíocht.
- In áiteanna ina bhfuil méadú thar an meán ar chíos thar thréimhse chomhsheasmhach táthar tar éis *Saincheantair Ainchíosa* a ainmniú. Tá teorainn de 4% ar mhéaduithe bliantúla ar an gcíos i Saincheantair Ainchíosa. Ag an am a bhfuiltear á scríobh seo bhí Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar fad ainmnithe mar Saincheantair Ainchíosa.
- Bunaíodh an *Ghníomhaireacht Forbartha Talún* in 2018. Beidh túsbhuiséad de €1.25 billiún ag an ngníomhaireacht seo agus tá sé de chuspóir 150,000 teach cónaithe thar na 20 bliain amach romhainn. Is mar seo a leanas feidhmeanna na Gníomhaireachta:

  a) Tailte cuí de chuid an Stáit a shealbhú i gcomhair athfhoráis agus forbartha agus príomhshuíomhanna a oscailt nach bhfuil á n-úsáid go héifeachtach chun críche tithíocht a sheachadadh.
  b) Dlús a chur le tiomsú tailte straitéiseacha, bheith ag obair le húinéirí talún as an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon chun buaiceanna agus íosphointí sa soláthar talún a réiteach, luachanna talún a chobhsú agus inacmhainneacht bhreisithe a sheachadadh.

  Caithfidh 40% den tithíocht ar fad a sheachadfaidh an ghníomhaireacht bheith sóisialta/inacmhainne, 10% de sóisialta agus 30% inacmhainne.

  Is ar bhainistiú athfhoráis agus seachadta tithíochta ar thailte tearcúsáidte in úinéireacht an Stáit a bheidh fócas láithreach na gníomhaireachta. Sa fadtéarma tiomsóidh an ghníomhaireacht bainc de thailte straitéiseacha as meascán de thailte poiblí agus príobháideacha agus cuirfidh sé ar fáil iad chun críche úsáide príobháidí i mbealach rialaithe. Deis chorraitheach é seo ar chomhpháirtíochtaí dinimiciúla le hÚdaráis Áitiúla chun dul i ngleic le fadhbanna tithíochta agus athfhoráis. Tá líon áirithe dáileachtaí talún in Úinéireacht an Stáit i gContae na Mí a bhfuil an poitéinseal acu chun tithíocht a sheachadadh, agus sampla díobh sin is ea tailte na Roinne Oideachais i gCill Dhéagláin, áit a bhfuair Comhairle Contae na Mí cuid den ghabháltas talún seo chun críche forbartha tithíochta sóisialta.

Beidh an rannán seo den Chroístraitéis dírithe ar an éileamh réamh-mheasta tithíochta sa Mhí suas go dtí 2026 agus roinnfear insna fo-rannáin seo a leanas é:

- Na spriocanna tithíochta do 2016 agus 2022 arna leagan amach insna Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí (TPR).
- An ghníomhaíocht reatha sa tógáil chónaitheach.
- An t-éileamh réamh-mheasta tithíochta don Chontae suas go dtí 2026.

[21] Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027

## 2.9.2 Leithdháileadh tithíochta insna Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí 2016-2022


Bhí leithdháileadh tithíochta do gach aon Údarás Áitiúil san áireamh insna TPR in 2016 agus 2022. Ríomhadh an leithdháileadh seo ar bhonn an fháis réamh-mheasta ar an daonra agus na meánáitíochta tí i ngach aon Údarás Áitiúil, agus ráta folúntais 6.5% san áireamh sa ríomh chomh maith.

| | Daonáireamh 2002 | Daonáireamh 2006 | Daonáireamh 2011 | Daonáireamh 2016 | Sprioc TPR 2016 | Sprioc TPR 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Daonra** | 134,005 | 162,831 | 184,135 | 195,044 | 195,898 | 210,260 |
| **Tithíocht** | 44,972 | 61,257 | 69,697 | 70,649 | 79,729 | 95,458 |
| **Ráta áitíochta** | | 2.66 | 2.89[22] | 2.96 | 2.62[23] | 2.35 |

Tábla 2.8 Spriocanna Daonra agus Tithíochta na TPR suas go 2022

As an marbhántacht sa tógáil tithíochta tar éis an gcliseadh ar an earnáil tógála i gcaitheamh an chúlaithe tháinig aschur tithíochta a bhí go mór faoi bhun an aschuir a bhí súil leis insna TPR. Idir 2006-11 tháinig méadú de 8,440 aonad ar stoc tithíochta na Mí. Tháinig laghdú drámata ar an aschur seo idir 2011-16 nuair nach raibh ach méadú de 952 aonad ar an aschur. Le linn na tréimhse seo tháinig laghdú ar an ráta folúntais de 2% (1,300 aonad) go 6.9%, rud a léirigh gur tugadh sealúchais a bhí ann cheana i stoc tithíochta an Chontae ar ais in úsáid.

Réamh-mheasadh leis na TPR go mbeadh 79,729 teaghlach sa Mhí in 2016. Ba é 70,649 aonad an figiúr iarbhír, figiúr a bhí 9,080 aonad faoi bhun an leithdháilte. Ba é 95,458 aonad an réamh-mheastachán do 2022, rud ab ionann le méadú de 24,809 aonad thar an líon teaghlach in 2016. Agus na leibhéil reatha aschuir curtha sa chuntas ní bhainfear amach an réamh-mheastachán seo.




Fíor 2.4: Comparáid idir teaghlaigh iarbhír agus aschur réamh-mheasta in aghaidh na bliana 2006-22

[22] Aonaid folmha san áireamh sa ríomh mar a mholtar leis na TPR
[23] Mar atá leagtha amach san Aguisín leis na TPR

Léirítear go soiléir le Fíor 2.4 go raibh críochnuithe teaghlach sa Mhí ó 2008 go suntasach faoi bhun an leibhéil a réamh-mheasadh insna TRP agus is fianaise eile é sin ar mhargadh tithíochta mínormálta/mífheidhmiúil. Tá na comharthaí téarnaimh le feiceáil go soiléir chomh maith agus bhí méaduithe bliain i ndiaidh bliana ar an líon aonad a críochnaíodh ó 2014.

## 2.9.3 Gníomhaíocht le Déanaí i dTógáil Chónaitheach

Mar gheall ar an téarnamh leantach geilleagrach, an méadú sa bhfostaíocht a ghabhann leis sin, agus muinín feabhsaithe na dtomhaltóirí tá gníomhaíocht mhéadaithe sa dtógáil chónaitheach, go háirithe i gceantair dheisceart agus oirthear an Chontae.

Tá sé seo le feiceáil go han-soiléir ó 2014, agus bhí méaduithe bliain i ndiaidh bliana sa líon Fógraí Tosaigh a fuarthas d'fhorbairtí cónaitheacha ilaonad. Tá na Fógraí Tosaigh seo á dtiontú in aonaid chríochnaithe. Taifeadadh i dTuarascáil CSO 'New Dwelling Completions' 2011-18 gur críochnaíodh 1,512 aonad cónaitheach sa Mhí in 2018. Is ionann é seo agus méadú de bheagnach 40% ar 2017 nuair a críochnaíodh 1,091 aonad. I gcomparáid le ceantair eile den réigiún tá an Mhí ar cheanna de na contaetha is gníomhaí i ndiaidh Fhine Gall (2,140 aonad), Cathair Bhaile Átha Cliath (1,843 aonad), agus Baile Átha Cliath Theas (1,654 aonad).

## 2.9.4 Fás teaghlach agus an SRGS

Admhaítear san SRGS gur gá seachadadh na tithíochta a mhéadú ar fud na tíre agus réamh-mheastar ann gur i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre a bheidh gá le leath ar a laghad de na tithe nua ar fad a thógfar go náisiúnta suas go 2040. [24]

Straitéis i bhfad níos leithne an SRGS ná na TPR mar nach bhfuil sé chomh sainiúil céanna ag leibhéal an Chontae agus leibhéal na lonnaíochtaí maidir le fás teaghlach. Níl aon leithdháileadh teaghlach ná rátaí réámh-mheasta áitíochta soláthartha ag leibhéal an Chontae/Údaráis Áitiúil agus an doiciméad dírithe go príomha ar fhás an daonra.

Tá an Straitéis ag tógáil ar an mbeartas a bunaíodh insna TPR fás níos dlúithe agus níos comhdhlúithe a sheachadadh trí chuspóir a chur san áireamh lena n-éilítear go mbeadh 30% de na tithe nua go léir laistigh den cheantar tógtha lonnaíochtaí atá ann cheana.[25]

Is dúshlán é nach bhfuil aon réamh-mheastacháin teaghlach ná rátaí áitíochta nuair atáthar ag ullmhú straitéise fianaise-bhunaithe. Tá seo ábhartha ach go háirithe i bhfianaise an éilimh 'faoi chois' ar thithíocht sa Chontae tar éis tréimhse fada gannsoláthair. Léirítear leis an SRGS go soláthrófar treoir maidir le soláthar teaghlach amach anseo insna Treoirlínte don Phlean Forbartha atá lena bhfoilsiú ag an RTPRA. Ní raibh na Treoirlínte seo foilsithe ag an am a scríobhadh é seo.

I dteannta leis na Treoirlínte don Phlean Forbartha tagraítear chomh maith d'ullmhú na Measúnaithe ar an Éileamh agus ar an Riachtanas Tithíochta (MERT) san SRGS. Tagann an riachtanas go nullmhófaí MERT ó Chuspóir Beartais Réigiúnaigh 37 den CNP.[26] Ríomhtar le MERT an líon aonad breise tithíochta a theastaíonn chun an t-éileamh mar atá agus mar a bheidh a shásamh. Is éard is aidhm

[24] Alt 9.3 SRGS Tithíocht agus Athfhorás
[25] Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 3.2 SRGS
[26] Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 37 den CNP

leis ná réasúnaíocht fianaise-bhunaithe a chur ar fáil don bheartas tithíochta agus ligean d'Údaráis Áitiúla cur chuige straitéiseach a ghlacadh i leith an riachtanais agus an éilimh thar na tionachtaí go léir. Ós rud é nach bhfuil aon doiciméad treorach foilsithe ná sonraí ná ábhar tacaíochta a ghabhfadh leis maidir le MERT a ullmhú ní mheastar go mbeadh sé cuí ná indéanta MERT a ullmhú ag an am seo. San idirlinn beidh an Straitéis Tithíochta mar bhonn eolais i gcónaí faoin Bheartas Tithíochta sa Chontae.

## 2.9.5 An tÉileamh ar Thithíocht a Réamh-mheas suas go 2026

Mar a dúradh cheana, is dúshlán é nach bhfuil aon treoir maidir le riachtanais réamh-mheasta teaghlach ná rátaí áitíochta ag na leibhéil náisiúnta agus réigiúnach maidir le cainníocht an lín iomláin teaghlach agus tailte a theastaíonn chin riachtanais tithíochta an Chontae i rith thréimhse an Phlean a shásamh.

Mar shampla, níl sé soiléir cé acu an bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh laghdú ar rátaí áitíochta amach anseo thar na deich mbliana seo chugainn tar éis an mhéadaithe a bhí ann idir 2011-16. Ina theannta sin tá sé deacair an tithíocht bhreisithe a theastóidh sa Chontae chun teacht suas leis an éileamh a chainníochtú.

Tháinig laghdú diaidh ar ndiaidh ar an ráta áitíochta idir 1996-2006 agus thosaigh méadú ag teacht air i rith an chúlaithe. Leis na coinníollacha feabhsaithe geilleagracha éascófar le himeacht aimsire le filleadh ar rátaí níos ísle áitíochta. Chun críche na Croístraitéise seo glactar leis go dtiocfaidh laghdú ar an meánráta áitíochta ó 3 in 2016 go 2.5 in 2026.

Bunaithe ar mheánráta áitíochta de 2.5 duine in aghaidh an teaghlaigh in 2026 agus ar dhaonra de 227,500 duine ina gcónaí sa Mhí sa bhliain chéanna, réamh-mheastar gur 91,000 aonad an stoc iomlán tithíochta sa Chontae in 2026. Tá ráta folúntais san áireamh sa ráta áitíochta seo. Leis an réamh-mheastachán seo bheadh riachtanas 20,351 aonad cónaitheach breise sa Mhí thar an tréimhse 10 mbliana 2016-26. B'ionann seo agus meánaschur bliantúil de 2,035 aonad in aghaidh na bliana. Ní mheastar gur figiúr neamhréalaíoch é seo, go háirithe i gcomhthéacs na riachtanas ionchasach tithíochta atá leagtha amach sa CNP agus Atógáil na hÉireann.[27]

| Bliain | 2016 | 2026 |
|---|---|---|
| Daonra | 195,044 | 227,500 |
| An Méadú ar an Stoc Tithíochta ó 2016 | 70,649 | 91,000<br>+20,351 |

Tábla 2.9: An riachtanas réamh-mheasta tithíochta sa Mhí suas go 2026

## 2.9.6 Fás Comhdhlúite a Aimsiú

Ceann de phrionsabail bhunúsacha na straitéise fáis sa CNP agus SRGS is ea é fás níos comhdhlúite a aimsiú. Leanúint é ar an gcur chuige beartais atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Spásúil agus insna Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí áit a n-éilítear go mbeadh cur chuige seicheamhach ann do sheachadadh na tithíochta agus go dtabharfaí tosaíocht d'athfhorás láithreáin inlíontacha/athfhorbraíochta.

[27] Alt 6.6 den CNP 'Housing' , léirítear leis seo go dteastóidh meánaschur de 25,000 teach cónaithe nua gach bliain idir 2018 agus 2040 agus de réir Atógáil na hÉireann ba cheart an soláthar iomlán teach cónaithe nua a mhéadú go 25,000 in aghaidh na bliana faoi 2020.

Tá sprioc sa CNP agus SRGS go mbeadh 30% ar a laghad de na tithe cónaithe nua i mbailte lasmuigh de na cathracha suite 'laistigh agus gar don cheantar tógtha atá ann cheana' insna lonnaíochtaí.[28]

Aithnítear leis an bPlean seo na tairbhí sóisialta agus geilleagracha a thagann as athfhorbairt a dhéanamh ar thailte athfhorbraíochta, go háirithe maidir leis an athfhorás uirbeach, agus leanfar de bheith ag tacú le seachadadh an dlúthfháis agus le hathfhorás suíomhanna tearcúsáidte i mbailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae.

Fuarthas amach trí anailís ar chumas féideartha tailte inlíontacha agus athfhorbraíochta, a bhí zónáilte i gcomhair forbairtí cónaitheacha, lárionaid bhaile nó úsáide measctha insna lonnaíochtaí go léir, go bhféadfaí tuairim is 6,272 aonad a sheachadadh ar na tailte seo. Is ionann é seo agus 31% den leithdháileadh teaghlach don Chontae. Is mór an tairbhe a bhainfidh le forbairt na dtailte seo maidir le pobail níos inbhuanaithe a chruthú sa Chontae, agus tacóidh sé le feidhmiú na gcuspóirí beartais náisiúnta agus réigiúnacha, is é sin lonnaíochtaí níos comhdhlúithe a chruthú.

| | Cumas féideartha tailte |
|---|---|
| **Athfhorbraíocht/Inlíontach**[29] | 6,272 |
| **An Pháirc Ghlas** | 14,079 |

Tábla 2.10: Spriocanna athfhorbraíochta agus inlíontacha

## 2.10 Dáileadh Daonra agus Teaghlach

Tá dáileadh an daonra agus na dteaghlach a bheidh ag fás amach anseo bunaithe sa Phlean seo ar bhunphrionsabail an CNP agus an SRSG fás níos dlúithe a sheachadadh, feabhas a chur ar an ailíniú idir an daonra agus fás na fostaíochta, agus an fás a chomhchruinniú insna lárionaid mhóra uirbeacha a bhfuil raon cuimsitheach seirbhísí acu agus soláthar iompair phoiblí a bhfuil an cumas ann tacú leis an bhfás.

Dá bhrí sin, beidh an fhorbairt comhchruinnithe go príomha sa Cheantar Meitreapholaiteach (Dún Búinne agus Maigh Nuad), i Lárionad Fáis Réigiúnaigh Dhroichead Átha agus san Uaimh, atá ina Príomhbhaile, agus aon fhás a tharlóidh insna lonnaíochtaí sainaitheanta fáis eile, beidh sé níos inbhuanaithe, logánta.

Tá straitéis fáis an Phlean seo ailínithe go dlúth le Straitéis Forbartha Geilleagraí na Mí 2014-2022, ina dtacaítear le comhdhlúthú forbartha insna lonnaíochtaí móra d'fhonn éascú le fás geilleagrach an Chontae, agus a bhonn fostaíochta a leathnú, féachaint leis an treocht leanúnach bheith ag comaitéireacht amach as an gcontae go Baile Átha Cliath a chasadh thart.

Nuair a bhíothas ag dáileadh an daonra agus na tithíochta a bheidh ag fás amach anseo sa Chontae cuireadh an méid seo leanas sa chuntas:

- Comhlíonadh an SRSG;
- An grádlathas lonnaíochta don Chontae mar atá mionsonraithe i dTábla 2.3, ina moltar an bhéim a chur ar:

[28] Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 3c den CNP agus Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 3.2 den SRGS
[29] Áirítear air seo láithreáin úrnua 'sa cheantar lonnaíochtaí tógtha atá ann cheana'

a) Dún Búinne agus Maigh Nuad mar lárionaid i gceantar Meitreapholaiteach Bhaile Átha Cliath a bhfuil an cumas iontu pobail inbhuanaithe ‘maireachtála oibre’ a sheachadadh.
b) Fás inbhuanaithe a chur chun cinn i nDroichead Átha mar Lárionad Fáis Réigiúnaigh ainmnithe,
c) Tacú le fostaíocht agus fás cónaitheach san Uaimh mar Phríomhbhaile ainmnithe an Chontae,

- An riachtanas atá ann gabháil le cruthú na fostaíochta i gceantair uirbeacha atá ann cheana, a bhfuil leibhéil shubstainteacha den bhfás cónaitheach tagtha orthu, chun déileáil leis an gcomaitéireacht shuntasach amach as an gcontae.
- Athrú Aeráide agus inbhuanaitheacht, infhaighteacht an iompair phoiblí ach go háirithe.
- Maidir le bailte beaga agus sráidbhailte, freastal ar an bhfás áitiúil ar scála a oireann do mhéid agus feidhm na lonnaíochta. Fás bailte beaga agus sráidbhailte amach anseo a fhócasú,
- I nóid tuaithe agus amuigh faoin dtuath, freastal ar riachtanais tithíochta arna gcruthú go háitiúil
- Seachadadh Chéim II den Iarnród ó Bhaile Átha Cliath go dtí An Uaimh
- Infhaighteacht infreastruchtúir shóisialta agus fisicigh.

De réir mar atá sainordaithe ag an CNP agus an SRSG, is lú a bheifear ag díriú leis an straitéis fáis don Chontae ar ‘spriocanna’ agus ‘líonta’ agus is mó a bheifear ag díriú ar lonnaíochtaí a shainaithint a bhfuil an cumas agus an phoitéinseal is mó iontu fás ar ardán inbhuanaitheachta. Ina theannta sin beidh comhordú méadaithe ann idir zónáil úsáidte talún agus infhaighteacht infreastruchtúir tríd an ‘Cur Chuige Céimnithe don Zónáil Úsáidte Talún’ atá leagtha amach sa CNP a chur i bhfeidhm.[30] Chun an ‘Zónáil Chéimnithe Úsáidte Talún’ seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm teastóidh dlúthchaidreamh oibre le gníomhaireachtaí éagsúla, ar a n-áirítear Uisce Éireann, Infreastruchtúr Iompair Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, agus an Ghníomhaireacht Soláthair Iarnróid, maidir le heasnaimh ar bith a shainaithint ar an infreastruchtúr agus le hinfhaighteacht cistithe chun na hinfheistíochtaí agus na huasghráduithe is gá a chur i gcrích.

Tacófar le seachadadh na tithíochta tríd an Straitéis Ghníomhach Bainistíochta Talún don Chontae agus trí láithreáin inlíontacha agus forbraíochta, agus láithreáin úrnua atá suite go straitéiseach agus a bheadh ag teacht le prionsabail an fháis chomhdhlúithe, a chur chun cinn agus a shainaithint don athfhorbraíocht.

## 2.10.1 Fócas an Fháis sa Cheantar Meitreapholaiteach

Beidh príomhfhócas an fháis i gCeantar Meitreapholaiteach na Mí amach anseo i nDún Búinne[31] agus Maigh Nuad. Tá Dún Búinne suite taobh le Pasáiste Straitéiseach Cónaitheach agus Fostaíochta an Iarthuaiscirt mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach Cheantar Meitreapholaiteach Bhaile Átha Cliath (MASP). Lonnaíocht suite go straitéiseach idir córacha iompair is ea é a bhain tairbhe as infheistíocht shubstainteach in infreastruchtúr bóthair agus iarnróid thar na deich mbliana seo caite.

[30] Aguisín 3 den CNP
[31] Áirítear air seo tailte ag Dún Búinne Thuaidh agus Cluain Aodha

Mar gheall ar shuíomh straitéiseach an bhaile is ceann de na lonnaíochtaí is tábhachtaí sa Chontae maidir leis an bhfás geilleagrach. Tá sé seo formhuinithe trí fhorbairtí ardphróifíle sa bhfostaíocht shuntasach IDE sa réimse ó Facebook, Takeda, agus Aramark (Avoca). Cuspóir de chuid an Phlean seo é tógáil ar na hinfheistíochtaí seo le déanaí agus infheistíocht gheilleagrach a mhealladh chuig an mbaile i gcónaí.

Tá sé sainaitheanta i MASP Bhaile Átha Cliath go bhfuil an phoitéinseal ag na Ceantair Straitéiseacha Forbartha i nDún Búinne forbairt shuntasach chónaitheach, a chruthóidh geilleagar/fostaíocht, a sheachadadh. Fís de chuid an Phlean seo é go gcruthófar pobal inbhuanaithe 'maireachtála oibre' i nDún Búinne le forbairt na dtailte seo, ina mbeidh jabanna le fáil gar don áit ina gcónaíonn daoine agus ina féidir le daoine sult a bhaint as stíl bheatha chothrom, shláintiúil i dtimpeallacht mhealltach.

Sainaithnítear Maigh Nuad mar Phríomhbhaile sa cheantar Meitreapholaiteach san SRGS. Aithnítear san SRGS purláin thuaisceart Mhaigh Nuad, atá suite sa Mhí, mar láthair thábhachtach don fhorbairt gheilleagrach agus cónaitheach, a bheidh mar thaca d'fhorbairt an bhaile amach anseo agus do sheachadadh Bhóthar Faoisimh Seachtrach Mhaigh Nuad, a bheidh mar phíosa lárnach infreastruchtúir i bhfás inbhuanaithe an bhaile. Tá Comhairlí Contae na Mí agus Chill Dara chun Comhphlean Ceantair Áitiúil do Mhaigh Nuad a ullmhú. Soláthrófar leis an bPlean seo creat comhordaithe d'fhorbairt Mhaigh Nuad amach anseo.

Áirítear san SRGS soláthar d'athdháileadh suas go dtí 20% d'fhás an daonra atá spriocdhírithe ar Chathair agus Bruachbhailte Bhaile Átha Cliath ar na Príomhbhailte Meitreapholaiteacha, Bré, Maigh Nuad, agus Sord.[32] Grúpa Stiúrtha MASP a chinnfidh na leithdháiltí seo, é comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na nÚdarás Áitiúil Meitreapholaiteach, go spleách ón réamh-mheastachán arna sholáthar do gach aon Chontae sa Treochlár Forfheidhmithe don CNP. Agus an doiciméad seo á scríobh níl an Grúpa seo bunaithe, d'fhonn leithdháileadh féideartha do Phurláin Mhaigh Nuad a chur san áireamh sa Phlean seo, áfach, tá réamh-leithdháileadh daonra de 1,000 duine leithdháilte ar an gceantar seo. Beidh sé seo faoi réir ag athbhreithniú agus athrú nuair a bheidh Grúpa Stiúrtha MASP bunaithe agus ag obair faoi lán seoil.

## 2.10.2 Fócas an Fháis sa Chroí-cheantar

Mar chuid den bheartas comhdhlúthú agus dlúthfhás a chur chun cinn, díreofar an fás sa Chroí-cheantar amach anseo sa lonnaíochtaí is airde leibhéil sa ghrádlathas. Tá Droichead Átha sainaitheanta mar Lárionad Fáis Réigiúnaigh san SRGS, agus é sainaitheanta go bhfuil ról bunúsach ag Purláin an Dheiscirt i bhforbairt Dhroichead Átha mar Lárionad Fáis Réigiúnaigh, mar go bhfuil an cumas ag na tailte seo forbairt chónaitheach agus gheilleagrach i láithreacha straitéiseacha a sheachadadh.

Is é Príomhbhaile ainmnithe na hUaimhe an lonnaíocht is mó agus an lárionad príomha fáis sa Chontae. Tosaíocht phríomha chorparáideach é ag an gComhairle thar thréimhse an Phlean seachadadh an iarnróid go dtí an Uaimh a chinntiú. Beidh an Plean seo ina thaca i gcónaí d'fhorbairt gheilleagrach an bhaile, rud a threiseoidh an t-ionad atá aige mar lárionad fiontraíochta agus fostaíochta réigiúnaí. Taobh le fás geilleagrach an bhaile, scaoilfear tailte cónaitheacha don bhforbairt, rud a chuirfidh le mais chriticiúil an daonra a theastóidh chun tacú le seachadadh iarnróid go dtí an baile.

[32] Alt 5.7 de 'Housing Delivery' MASP

I Lonnaíochtaí Fáis Féinchothabhálaí Chill Dhéagláin, Cheanannais, Bhaile Átha Troim, agus Dhún Seachlainn beifear ag díriú ar an gcomhdhlúthú agus ar sholáthar deiseanna fostaíochta ar lorg fhás an daonra d'fhonn ligean do na lárionaid seo teacht chun bheith níos féinleorga. Beidh tábhacht ag baint le hinfhaighteacht seirbhísí infreastruchtúir agus infreastruchtúir phobail maidir lena chinneadh cén candam tithíochta nua agus fáis daonra a bheidh na lonnaíochtaí seo in ann a ghlacadh isteach.

Díreofar fócas an fháis i mBailte Féinchothabhálacha na hInse-Bhaile an Bhiataigh-Bhaile Uí Mhornáin-Dhomhnach Cairnigh, Ráth Tó, An Bhóthair Bhuí, agus Steach Maoilín ar an bhfostaíocht agus an infheistíocht i seirbhísí a mhealladh isteach agus, ag an am céanna, fás an daonra bheith teoranta agus seachadadh na tithíochta bheith níos cothroime. Mar chroí-fhreagairt beartais gheilleagraigh lena gcumasófar "athdheis gheilleagrach" mar atá beartaithe san SRGS, tá zónálacha straitéiseacha fostaíochta sainaitheanta i líon áirithe de na bailte seo.

Dáilfear an leithdháileadh (20.2%) eile ar na Bailte Beaga, Sráidbhailte, Nóid Tuaithe, agus áiteanna amuigh faoin dtuath. Fás bunaithe go háitiúil go príomha a bheidh i bhfás ar bith ar na láithreacha seo, bogfar ar shiúl ón bhforbairt a bhraitheann ar an gcomaitéireacht agus cuirfear béim níos mó ar phobail inbhuanaithe a chruthú sa chiall go mbeidh leathnú na lonnaíochtaí i gcomhréir le hinfhaighteacht na seirbhísí. Measúnófar an fhorbairt i nóid tuaithe ar bhonn cás ar chás ach ag an am céanna cinnteofar go gcomhlíonfar an Chroí-straitéis.

## 2.10.3 Ceantair Tuaithe

Aithnítear sa CNP agus san SRGS an rannchuidíocht gheilleagrach agus sóisialta a dhéanann ceantair tuaithe ag leibhéal áitiúil, náisiúnta, agus réigiúnach maidir le fostaíocht a chur ar fáil agus rochtain ar cheantair áiseanna ar ardchaighdeán, le seachadadh táirgí talmhaíochta ar ardchaighdeán, agus le hamhábhair agus tathaguithe a sholáthar a úsáidtear i dtógáil na lárionad uirbeach againn. Aithnítear chomh maith na dúshláin atá roimh na ceantair seo, ar a n-áirítear brúnna arna gcruthú go huirbeach, daonra atá ag dul in aois, nascthacht, agus rochtain ar infreastruchtúr agus teicneolaíochtaí nua.

In aitheantas ar na dúshláin seo tá béim curtha sa bheartas náisiúnta agus réigiúnach ar phobail tuaithe níos inbhuanaithe a chruthú trí dhíriú ar athfhorás bailte agus sráidbhailte tuaithe go háirithe i láithreacha a bhfuil meath tagtha orthu. Cuirtear tacaíocht ar fáil chomh maith d'fhorbairt tionscnaimh 'Tithe Cónaithe Nua i mBailte agus Sráidbhailte Beaga' chun seirbhísí agus suíomhanna seirbhíse a chur ar fáil i lonnaíochtaí tuaithe.[33]

Déantar idirdhealú sa CNP agus san SRGS idir ceantair tuaithe atá faoi thionchar uirbeach i.e. laistigh de cheantar comaitéireachta cathracha agus bailte agus lárionad fostaíochta móra, agus ceantair tuaithe lasmuigh de na ceantair comaitéireachta seo.[34] Éilítear ar Údaráis Áitiúla san SRGS ceantair faoi thionchar uirbeach láidir a shainaithint i gcúlchríocha lonnaíochtaí ar an mbonn seo.[35]

Tacaítear sa Phlean seo le neartú pobal tuaithe agus le forbairt inbhuanaithe ceantar tuaithe de réir an bheartais náisiúnta agus réigiúnaigh. Tá sonraí iomlána faoin Straitéis do Lonnaíochtaí Tuaithe leagtha amach i gCaibidil 9 den Phlean seo.

[33] Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 4.78 den SRGS
[34] Sainmhíníonn an CNP ceantar comaitéireachta mar an gceantar as a dtagann 15% ar laghad d'fhórsa oibre na lonnaíochta ábhartha.
[35] Tá Léarscáil Brú na Forbartha Tuaithe le fáil in Imleabhar 3 (Léarscáil 9.1)

## 2.10.4 Dáileadh Daonra agus Teaghlach sa Chontae

Leagtar amach i dTábla 2.11, 'Tábla na Croí-straitéise', na réamh-mheastacháin daonra agus an leithdháileadh teaghlach i gcomhair gach lonnaíochta suas go dtí 2026. Tugtar sa tábla seo mionsonraí faoin líon daonra is déanaí, an réamh-mheastachán daonra, an ghníomhaíocht forbartha i ngach aon lonnaíocht idir 2016-2019, an líon aonad ceadaithe nach bhfuil tógtha, agus an leithdháileadh teaghlach i gcomhair gach lonnaíochta idir 2020-2026.


Mar chuid den straitéis dlúthfhás a chinntiú, cuireadh i gcrích anailís ar an líon féideartha aonad a d'fhéadfaí a sheachadadh sa cheantar ina bhfuil tógáil déanta i ngach aon lonnaíocht. Tá an figiúr seo leagtha amach i gcolún G den tábla. Áirítear air seo tailte atá zónáilte i gcomhair úsáide mar 'Tailte Nua Cónaitheacha', 'Tailte Cónaitheacha faoi Láthair', Úsáid Mheasctha', nó 'Lár an Bhaile'. Tá an candam tailte atá zónáilte mar 'Tailte Nua Cónaitheacha' i ngach aon lonnaíocht tugtha chomh maith.

Is é 20,351 aonad an leithdháileadh iomlán teaghlach don Chontae idir 2016-2026. Tógadh tuairim is 3,682 aonad idir 2016-2019 (feic colún D), agus fágadh leithdháileadh de 16,669 aonad lena dtógáil le linn na tréimhse Plean 2020-2026 (colún F).

Áirítear in Imleabhar 2 den Phlean seo Ráiteas Scríofa agus léarscáil zónála do gach aon lonnaíocht sa Chontae. Leagtar amach insna Ráitis Scríofa seo an straitéis maidir leis an gcaoi a gcuirfear an chroístraitéis i bhfeidhm i ngach aon lonnaíocht de na lonnaíochtaí seo.[36]

Leagtar amach i gCaibidil 9 na beartais agus na cuspóirí ábhartha i leith na forbartha cónaithí i nóid tuaithe agus amuigh faoin dtuath.

Fíor 2.6 Dáileadh an Daonra sa Chontae go dtí 2026




[36] Tar éis don phlean seo bheith glactha tá sé beartaithe Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú do gach aon cheann de na lonnaíochtaí seo a leanas: An Uaimh, Dún Búinne/Cluain Aodha, Cill Dhéagláin, Baile Átha Troim, Ceanannas, An Inse/Baile an Bhiataigh/Baile Uí Mhornáin/Domhnach Cairnigh, Dún Seachlainn, Damhliag, An Bóthar Buí, Steach Maoilín agus Ráth Tó. Táthar chun Comhphlean Ceantair Áitiúil a ullmhú do Mhaigh Nuad i gcomhar le Cill Dara, táthar chun Comhphlean Ceantair Áitiúil a ullmhú do Dhroichead Átha.

| Colún A | Colún B | Colún C | Colún C | Colún D | Colún E | Colún F | Colún G | Colún H |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Lonnaíocht** | **Daonra 2016** | **Méadú réamh-mheasta ar dhaonra go dtí 2026** | **Daonra iomlán 2026** | **Neaslíon na dteaghlach tugtha chun críche 2016-2019** | **Aonaid atá ar marthain nár tógadh go fóill** | **Leithdháileadh teaghlach 2020-2026**[37] | **Aonaid fhéideartha atá lena seachadadh ar thailte inlíontacha/athfhorbraíochta**[38] | **Candam na talún arna zónáil don úsáid chónaitheach (ha)** |
| **Lárionad Fáis Réigiúnaigh** | | | | | | | | |
| **Droichead Átha** | 6,527 | 3,300 | 9,827 | 113 | 572 | 1,631 | | 178.73 |
| | | | | | | | | |
| **Príomhbhaile** | | | | | | | | |
| **An Uaimh** | 30,173 | 5,100 | 35,273 | 781 | 924 | 2,884 | 1,936 | 111.88[39] |
| **Maigh Nuad** | 0 | 1,000[40] | 1,000 | 0 | 0 | 500 | 0 | 21.36 |
| | | | | | | | | |
| **Baile Fáis Fhéinchothabhála** | | | | | | | | |
| **Dún Búinne** | 7,272 | 3,300 | 10,572 | 48 | 119 | 2,002 | 1,180 | 73.32 |
| **Cill Dhéagláin** | 12,679 | 3,200 | 15,879 | 632 | 209 | 1,349 | 351 | 33.47 |
| **Baile Átha Troim** | 9,194 | 2,250 | 11,444 | 31 | 437 | 1,333 | 812 | 48.644.27 |
| **Ceanannas** | 6,135 | 1,000 | 7,135 | 48 | 391 | 452 | 400 | 16.719.3 |
| **Dún Seachlainn** | 4,035 | 2,200 | 6,235 | 419 | 1,207[41] | 1,003 | 82 | 34.3 |
| | | | | | | | | |
| **Bailte Féinchothabhála** | | | | | | | | |

[37] Ní áirítear leis na haonaid arna dtabhairt chun críche 2016-2019

[38] Áirítear air seo láithreáin úrnua agus láithreáin athfhorbraíochta araon sa cheantar i ngach lonnaíocht a bhfuil tógtha air, agus tá sé déanta suas de thailte atá zónáilte d'fhorbairt lár an bhaile, d'úsáid mheasctha, agus d'fhorbairt chónaitheach. Ar mhaithe le soiléire tá na haonaid seo curtha san áireamh sa leithdháileadh Teaghlach.

[39] Ní áirítear air seo an Zón Forbartha Straitéise (ZFS) 38.1ha ag Cluain Mhic Adáin. Réiseoidh an ZFS seo an iliomad Pleananna Forbartha. Ag cur an mhéid seo san áireamh agus ag cur san áireamh go dteastaíonn athbhreithniú ar an Scéim Phleanála, níl an ZFS san áireamh sa leithdháileadh Teaghlach don Uaimh.

[40] Tá leath an leithdháilte daonra seo (500 duine) bainte as leithdháileadh MASP. Tá soláthar déanta dó seo in alt 5.7 ‘Housing Delivery’ MASP Bhaile Áth Cliath. Réamhfhigiúr atá anseo agus aontófar ar an bhfigiúr deireanach leis an nGrúpa Forfheidhmithe. Agus é seo á scríobh ní raibh an Grúpa Forfheidhmithe MASP bunaithe fós.

[41] Faoi iarratas Forbartha Tithíochta Straitéisí deonaíodh cead do 913 aonad. Cead 10 mbliana é seo lena bhfuil sé i gceist go bhforbrófaí na tailte thar an iliomad Pleananna Forbartha. Ag cur an mhéid seo san áireamh tá 600 (dhá thrian) de na 913 aonad curtha san áireamh sa leithdháileadh Teaghlach i gcaitheamh an Phlean Forbartha.

| Colún A | Colún B | Colún C | Colún C | Colún D | Colún E | Colún F | Colún G | Colún H |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Lonnaíocht** | **Daonra 2016** | **Méadú réamh-mheasta ar dhaonra go dtí 2026** | **Daonra iomlán 2026** | **Neaslíon na dteaghlach tugtha chun críche 2016-2019** | **Aonaid atá ar marthain nár tógadh go fóill** | **Leithdháileadh teaghlach 2020-2026[37]** | **Aonaid fhéideartha atá lena seachadadh ar thailte inlíontacha/athfhorbraíochta[38]** | **Candam na talún arna zónáil don úsáid chónaitheach (ha)** |
| **Baile an Bhiataigh-an Inse-Baile Uí Mhornáin Thoir** | 11,872 | 1,500 | 13,372 | 689 | 518 | 746[42] | 264 | 25.15 |
| **Ráth Tó** | 9,533 | 1,500 | 11,033 | 175 | 72 | 803 | 101 | 25.74 |
| **An Bóthar Buí** | 3,239 | 1,000 | 4,239 | 45 | 135 | 474 | 84 | 15.75 |
| **Steach Maoilín** | 3,361 | 500 | 3,861 | 1 | 215 | 290 | 58 | 11.8 |
| **Cill Choca** | 93 | 500 | 593 | 100 | 180 | 180 | 0 | 8.79 |
| | | | | | | | | |
| **Bailte Beaga** | | | | | | | | |
| **Baile Átha Buí** | 2,445 | 350 | 2,795 | 34 | 127 | 200 | 100 | 16.37 |
| **Damhliag** | 4,219 | 500 | 4,719 | 36 | 85 | 336 | 250 | 10.9 |
| **An Seanchaisleán** | 1,383 | 350 | 1,733 | 16 | 0 | 166 | 110 | 9.78 |
| | | | | | | | | |
| **Sráidbhailte** | | | | | | | | |
| **Baile Ghib** | 81 | 50 | 131 | 0 | 0 | 20 | 0 | 2.52 |
| **Baile Íomhair** | 1,809 | 100 | 2,009 | 0 | 0 | 40 | 40 | 1.93 |
| **Droichead Chearbhalláin** | 664 | 100 | 764 | 14 | 1 | 40 | 32 | 1.72 |
| **Carn na Ros** | 159 | 50 | 209 | 1 | 0 | 20 | 13 | 1.17 |
| **Cluain Ioraird** | 347 | 50 | 397 | 0 | 0 | 20 | 20 | 1.01 |
| **Cluain Aodha** | 826 | 200 | 1,026 | 83 | 24 | 60 | 60 | 0.8 |
| **Crosa Caoil** | 181 | 50 | 231 | 0 | 0 | 20 | 8 | 0.67 |
| **Dún Uabhair** | 760 | 100 | 860 | 4 | 2 | 50 | 6 | 2.76 |
| **Droim Conrach** | 345 | 50 | 395 | 0 | 2 | 20 | 11 | 0.86 |

[42] Áirítear air seo soláthar do líon de 30 aonad tithíochta sóisialta

| Colún A | Colún B | Colún C | Colún C | Colún D | Colún E | Colún F | Colún G | Colún H |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Lonnaíocht | Daonra 2016 | Méadú réamh-mheasta ar dhaonra go dtí 2026 | Daonra iomlán 2026 | Neaslíon na dteaghlach tugtha chun críche 2016-2019 | Aonaid atá ar marthain nár tógadh go fóill | Leithdháileadh teaghlach 2020-2026[37] | Aonaid fhéideartha atá lena seachadadh ar thailte inlíontacha/athfhorbraíochta[38] | Candam na talún arna zónáil don úsáid chónaitheach (ha) |
| Baile Ghormáin | 375 | 50 | 425 | 0 | 2 | 20 | 0 | 2.16 |
| Baile Iúiliáin | 681 | 75 | 756 | 0 | 21 | 30 | 28 | 1.21 |
| Baile an Cheantaigh | 1,179 | 100 | 1,279 | 1 | 39 | 70 | 38 | 3.4 |
| Cill Bhríde | 87 | 75 | 162 | 19 | 0 | 35 | 19 | 0.7 |
| Cill Dealga | 708 | 50 | 758 | 1 | 0 | 20 | 6 | 1.5 |
| Cill Maighneann | 316 | 50 | 356 | 4 | 0 | 20 | 20 | 1.35 |
| Cill Mheasáin | 654 | 250 | 904 | 0 | 97 | 100 | 17 | 3.82 |
| Maigh Dearmhaí | 1,581 | 200 | 1,781 | 16 | 68 | 104 | 20 | 1.22 |
| Maigh na nEalta | 96 | 50 | 146 | 0 | 1 | 20 | 6 | 0.64 |
| An Obair | 344 | 50 | 394 | 0 | 0 | 20 | 10 | 3.49 |
| Ráth Chairn | 156 | 75 | 226 | 2 | 0 | 35 | 0 | 3.43 |
| Ráth Moliain | 334 | 225 | 559 | 17 | 80 | 90 | 87 | 4.68 |
| Baile Shláine | 1,369 | 225 | 1,469 | 4 | 37 | 90 | 85 | 5.84 |
| Cnoc an tSamhraidh | 878 | 100 | 978 | 28 | 6 | 40 | 18 | 6.38 |
| | | | | | | | | |
| Nóid tuaithe agus amuigh faoin dtuath | 68,948 | 3,125 | 72,079 | 300 | Neamhaithnid | 1,336 | N/A | N/A |
| | | | | | | | | |
| Iomlán | 195,044 | 33,000 | 228,000 | 3,682 | 5,438 | 16,669 | 6,272 | 696.53 |

Tábla 2.11: Tábla Croí-straitéise, Dáileadh Daonra agus Teaghlach go dtí 2026

| Lonnaíocht | Méadú réamh-mheasta ar dhaonra go dtí 2026 | % den bhfás daonra iomlán | Neaslíon na dteaghlach tugtha chun críche 2016-2019 | Leithdháileadh teaghlach 2020-2026[43] | Candam na talún arna zónáil um úsáid chónaitheach (ha) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ionad Fáis Réigiúnaigh** | 3,300 | 10.1% | 113 | 1,631 | 178.73 |
| **Príomhbhailte** | 6,100 | 18.8% | 781 | 3,384 | 133.24 |
| **Bailte Fáis Fhéinchothabhála** | 11,950 | 36.8% | 1,278 | 6,561 | 207.02 |
| **Bailte Féinchothabhála** | 5,000 | 13.8% | 910 | 2,313 | 87.23 |
| **Bailte Beaga** | 1,200 | 3.7% | 86 | 702 | 37.05 |
| **Sráidbhailte, Nóid Tuaithe, agus Amuigh faoin dtuath** | 5,450 | 16.5% | 494 | 2,301 | 53.26 |

Tábla 2.12: Achoimre ar an dáileadh daonra agus teaghlach i ngach aon chatagóir lonnaíochta

## 2.11 Forbairt Gheilleagrach

Leag an Chomhairle creat uaillmhianach amach d'fhorbairt gheilleagrach sa Chontae sa Straitéis Forbartha Geilleagraí don Mhí 2014-22.[44] Tá sé mar chuspóir ag an Straitéis seo thar gach ní eile ná breis jabanna a éascú sa Chontae agus feabhas a chur ar an gcóimheas jabanna agus méid na comaitéireachta amach as an gContae a laghdú. Leanfar sa Phlean seo le feidhmiú na Straitéise agus déanfar iarracht tógáil ar na buanna a baineadh amach go nuige seo.

Tá treo agus prionsabail bhunúsacha na Croí-straitéise comhsheasmhach leis an mbeartas náisiúnta agus réigiúnach geilleagrach atá leagtha amach sa CNP agus san SRGS sa mhéid go molann sé go dtarlódh an fás ar ardán inbhuanaithe agus an fhorbairt a bheith comhchruinnithe i lárionaid áitiúla agus réigiúnacha fáis a bhfuil an cumas iontu forbairt shuntasach a ghlacadh i dtimpeallacht chomhdhlúite uirbeach.

Tháinig coincheap na samhla pobail 'maireachtála oibre' chomh maith as céim fhorfheidhmithe spásúla na Straitéise agus beifear á chur chun cinn i gcónaí mar shamhail den dea-chleachtas sa chomhfhorbairt áite agus i gcruthú pobal cothrom sláintiúil. Tacaítear go láidir leis an gcoincheap seo sa CNP agus san SRGS araon.

Is iad na 5 lárionad straitéiseacha fostaíochta a sainaithníodh don fhás sa Straitéis Eacnamaíoch ná An Uaimh, Droichead Átha Theas, Dún Búinne Thuaidh, Cill Dhéagláin, agus Ceanannas. Agus an riachtanas curtha sa chuntas go gcruthófaí deiseanna fostaíochta i lárionaid ina dtarlaíonn ardleibhéil fáis daonra gan fhorbairt fostaíochta ar chóimhéid leis sin, agus ardleibhéil comaitéireachta amach astu, tá sé i gceist 7 láthair eile straitéiseacha fostaíochta a shainaithint mar seo a leanas: Ceanannas, Ráth Tó, Dún Seachlainn, An Inse, Maigh Nuad, An Uaimh agus An Bóthar Buí.

[43] Ní áirítear leis na haonaid arna dtabhairt chun críche 2016-2019
[44] Economic Development Strategy for Meath 2014-2022

Tá sonraí iomlána faoin Straitéis Eacnamaíoch agus Fostaíochta leagtha amach i gCaibidil 4 den Phlean seo.

# 2.12 Forbairt Mhiondíola

Tá Straitéis Mhiondíola don Chontae ullmhaithe mar chuid den Phlean seo. Tá an Straitéis seo comhsheasmhach leis an nGrádlathas Miondíola don Mhí mar atá sé leagtha amach sa Straitéis Mhiondíola Réigiúnach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2008-2016. Tá mar bhonn eolais faoi freisin Treoirlínte Pleanála Miondíola na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil (2012).

Is é is aidhm leis an Straitéis seo ná iomaíochas miondíola an Chontae a chothabháil agus a fheabhsú, díriú ar an sileadh caiteachais, agus dáileadh cothrom, inbhuanaithe spáis urláir miondíola a chinntiú ar fud an Chontae. Glacadh cur chuige fianaise-bhunaithe maidir le héileamh tailte breise i gcomhair spáis urláir caoithiúlachta nó comparáide, agus bunaíodh é ar athruithe réamh-mheasta ar an daonra áitiúil, caiteachas na dtomhaltóirí, agus an phoitéinseal don láimhdeachas.

Tá sonraí iomlána faoin Straitéis Mhiondíola leagtha amach i gCaibidil 4 Geilleagar agus Fostaíocht agus Aguisín 4 Straitéis Mhiondíola.

# 2.13 Athrú Aeráide

Bíodh is go bhfuil beartais Athraithe Aeráide agus bearta maolaithe leagtha amach ag leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta tá ról lárnach ag na hÚdaráis Áitiúla i bhfeidhmiú na mbeartas seo agus i gcur chun cinn athraithe iompraíochta agus meoin maidir leis an athrú aeráide.

Tá Straitéis Oiriúnaithe ullmhaithe don Phlean seo mar cheann de riachtanais an Chreata Náisiúnta Oiriúnaithe don Athrú Aeráide (2012). Cinnteofar leis an Straitéis seo go ndíreoidh an Plean seo go cuí ar an oiriúnú don athrú aeráide.

Saintéama leathan den Phlean is ea an t-athrú aeráide, pléitear an t-athrú aeráide go mionsonraithe i gCaibidil 10 Athrú Aeráide.

# 2.14 An Chroí-straitéis agus SEA/AA

Ullmhaíodh Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Measúnú Cuí ar lorg na Chroí-straitéise. Tá aird tugtha sa Chroí-straitéis ar an dá mheasúnú agus tá athruithe/moltaí ar bith ionchorpraithe isteach sa straitéis.

## 2.14.1 Beartais

Is é beartas na Comhairle:

| | |
|---|---|
| CS POL 1 | De réir na Croí-straitéise agus Ghrádlathas Lonnaíochta an Chontae, forbairt pobal inbhuanaithe sa Chontae a chur chun cinn agus a éascú tríd an leibhéal fáis i ngach aon lonnaíocht a bhainistiú ar mhaithe le fás amach anseo a chinntiú agus d'fhonn ceantair uirbeacha comhdhlútha agus pobail inbhuanaithe tuaithe a sheachadadh. |

## 2.14.2 Cuspóirí

Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Contae na Mí:

| | |
|---|---|
| CS OBJ 1 | Forfheidhmiú na Croí-straitéise agus na Straitéise Lonnaíochta a bhaint amach, sa mhéid is féidir é, tríd an bhfás a threorú i dtreo lonnaíochtaí ainmnithe, faoi réir ag infhaighteacht infreastruchtúir agus seirbhísí. |
| CS OBJ 2 | Cinntiú go mbíonn dóthain tailte zónáilte ar fáil chun riachtanais tithíochta an Chontae a shásamh i lonnaíochtaí ainmnithe thar shaolré an Phlean. |
| CS OBJ 3 | Cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm an leithdháileadh daonra agus teaghlach atá leagtha amach sa Chroí-straitéis agus sa Straitéis Lonnaíochta, sa mhéid is féidir é. |
| CS OBJ 4 | Fás níos comhdhlúithe a bhaint amach trí fhorbairt láithreacha inlíontacha agus athfhorbraíochta/athfhoráis, agus athfhorbairt talún tearcúsáidte laistigh de, agus gar do, lorg tógtha lonnaíochtaí atá ann cheana a chur chun cinn, de rogha ar láithreacha ar an imeall. |
| CS OBJ 5 | 30% ar a laghad de na tithe cónaithe nua ar fad i gceantair uirbeacha a sheachadadh laistigh de lorg tógtha lonnaíochtaí atá ann cheana. |
| CS OBJ 6 | Struchtúr sóisialta agus geilleagrach bailte agus sráidbhailte tuaithe a neartú trí thacú le hathúsáid foirgneamh atá ann cheana agus athfhorás foirgneamh agus tailte tearcúsáidte. |
| CS OBJ 7 | Ord Tosaíochta a fheidhmiú do scaoileadh agus forbairt tailte cónaitheacha sa mhéid nach mbeidh tailte ar bith atá sainaitheanta mar 'Tar éis 2026' don fhorbairt go dtí tar éis 2026 i lonnaíochtaí ina mbíonn tailte 'Tar éis 2026' sainaitheanta. |
| CS OBJ 8 | Beidh Plean Ceantair Áitiúil do Phurláin Theas Dhroichead Átha 2009 (An LAP) ina phlean reachtúil i gcónaí do Phurláin Theas Dhroichead Átha go dtí an uair a ngabhfar a ionad le Comhphlean Uirbeach do Dhroichead Átha i gcomhar le Comhairle Contae Lú agus aird á tabhairt ar riachtanais Thuarascáil Choiste Athbhreithnithe Teorainn Dhroichead Átha (Feabhra 2017), an Creat Náisiúnta Pleanála, agus Straitéis Réigiúnach, Spásúil agus Geilleagrach Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre. Ní mór an plean seo a léamh in éineacht leis an bPlean Forbartha Contae 2020-2026. Ní mór tús áite a thabhairt don Phlean Forbartha Contae má thagann coimhlint chun cinn idir na Pleananna agus ní bheidh feidhm a thuilleadh ag foráil chontráilte an PLA. |
| CS OBJ 9 | Pleananna nua ceantar áitiúil a a ullmhú do na lonnaíochtaí seo a leanas le linn saolré an Phlean seo: An Uaimh, Dún Búinne, Cill Dhéagláin, Baile Átha Troim, Ceanannas, Dún Seachlainn, Ráth Tó, Baile an Bhiataigh-An Inse-Baile Uí Mhornáin Thoir-Domhnach Cairnigh, Damhliag, An Bóthar Buí, Baile Átha Buí, An Seanchaisleán, Steach Maoilín. |

| | |
|---|---|
| CS OBJ 10 | Comhfhís agus Plean Ceantair Uirbigh a ullmhú do Dhroichead Átha i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Lú laistigh de shaolré an Phlean seo de réir riachtanas Chuspóir Beartais Réigiúnaigh 4.8 den SRGS do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre agus na moltaí atá leagtha amach i dTuarascáil Choiste Athbhreithnithe Teorainn Dhroichead Átha a foilsíodh i bhFeabhra 2017. |
| CS OBJ 11 | Comhfhís agus Plean Ceantar Áitiúil a ullmhú do Mhaigh Nuad i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chill Dara laistigh de shaolré an Phlean seo de réir riachtanas Chuspóir Beartais Réigiúnaigh 4.35 den SRGS do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre. |
| CS OBJ 12 | Cinntiú go dtagann gach lonnaíocht chun forbartha, sa mhéid is féidir é, i mbealach féinchothabhálach agus go dtagann fás ar an daonra ar lorg soláthair infreastruchtúir fhisicigh agus sóisialta. |
| CS OBJ 12 | Tacú le forfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta don Athrú Aeráide agus an Chreata Náisiúnta Oiriúnaithe don Athrú Aeráide, Athléimneacht In aghaidh Athraithe Aeráide a Thógáil 2012, tríd an bPlean Forbartha Contae agus trí ullmhú Plean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir. |
| CS OBJ 13 | Tacú le fás geilleagrach na Mí mar atá leagtha amach sa Straitéis Réigiúnach, Spásúil agus Geilleagrach agus sa Straitéis Forbartha Geilleagraí do Chontae na Mí 2014-2022. |
| CS OBJ14 | Bheith ag cur chun cinn i gcónaí forbairt gheilleagrach Phasáiste Geilleagrach Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste. |
| CS OBJ 15 | Tacú le cruthú pobal 'maireachtála oibre' , ina mbeidh cóiríocht fostaíochta agus chónaitheach suite an-ghar dá chéile agus do phasáistí straitéiseacha idir córacha iompair, agus treochtaí cianchomaitéireachta agus plódú a laghdú. |
| CS OBJ 16 | Oibriú go dlúth le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais chun cabhrú le seachadadh infreastruchtúir chriticiúil a d'éascódh le fás geilleagrach an chontae go háirithe maidir le forbairt an iarnróid go dtí An Uaimh. |